




Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University



Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin

Deireadh Fómhair 2013 go Meán Fómhair 2014





Contents

Fáilte an Uachtaráin.....	02
Gradaim agus Onóracha.....	04
Rath na Mac Léinn.....	09
Taighde agus Nuálaíocht	11
Fiontraíocht	15
Rannpháirtíocht Dhomhanda	17
Tionchar a Imirt	18
Éachtaí Spóirt	22
Forbhreathnú Ar An Ollscoil.....	24
Forbairtí Campais	24
Rialachas agus Ceannaireacht	25
Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile	27
Fíricí agus Figiúirí.....	29
Sracfhéachaint ar an mbliain	30

Fáilte an Uachtaráin



Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2013-2014 a chur i do láthair. Sa Tuarascáil áirítear roinnt de na buaicphointí agus na héachtaí a tharla i rith na bliana agus léirítear an obair dhian agus tiomantas de phobal Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an rath le feiceáil i go leor gnéithe de shaol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus a leanamar orainn le béim a chur ar na tosaíochtaí a aithníodh i bPlean Straitéiseach Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 'Saolta agus Sochaithe a Bhunathrú (Transforming Lives and Societies). Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh inár gcúig réimse tosaíochta de shaol agus foghlaim an mhic léinn, taighde agus nuálaíocht, rannpháirtíocht phobail, ár gcultúr oibre agus ár gcampas fisiceach agus fíorúil a bhunathrú.

Táimid tiomanta i gcónaí do thaithí mhic léinn den scoth a sheachadadh agus ár mic léinn a ullmhú ionas go mbeidís ina saoránaigh chruthaitheacha, anailíseacha, fiontracha agus go mbeidís freagracht shóisialta ag baint leo. Ní ach sampla iad na buaicphointí a léirítear sa tuarascáil seo, sampla den tiomantas, obair dhian agus éachtaí de chuid na foirne agus na mac léinn uile d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le linn na bliana.

Cibé trí dianiarrachtaí acadúla, fiontraíocht, nuálaíocht, taighde nó trí rannpháirtíocht agus éachtaí sa spórt, is foinse bróid i gcónaí iad mic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath don Ollscoil. I mí Dheireadh Fómhair seo chaite, ag dámhachtainí Gaisce - Gradam an Uachtaráin don Nuálaíocht, bhuaigh Anoop Sebastian an chatagóir mhic léinn dá chlár gréasáin deartha chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Aipe le haghaidh úsáideoirí Android. I Matamaitic, ba é Aaron Kenny, mac léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a fuair an Gradam Hamilton, bonn bliantúil arna bronnadh ag an RIA ar an mac léinn matamaitice is fearr i 10 n-institiúid. Bronnadh Scoláireachtaí Fulbright ar roinnt céimithe, taighdeoirí iarchéime agus iardhoctúireachta d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. San Intel Technology to Market Accelerator@UC Berkeley, bhí trí iontráil ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i measc 14 iomaitheoir sa bhabhta ceannais ar thóir an chéad ghlúin eile de ghnóthais theicneolaíochta d'ard-acmhainneacht.

I mbliana, chonacthas seoladh den Ionad Insight d'Anailísíocht Shonraí, Ionad Taighde arna maoiniú ag an SFI de €58m, agus is comhoibriú é idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, COC agus COBÁC. Leagadh amach spriocanna uailmhianacha agus táthar ag súil go mbeidís tionchar fíor, inbhraite ag taighde Insight i réimse na hanailísíochta sonraí ar feadh na mblianta amach romhainn. I mbliana, fuair an CNGL Centre for Global Intelligent Content beagnach €20m ón SFI agus ó mhaoiniú príobháideach chun dul chun cinn a dhéanamh ina chlár taighde ar theicneolaíochtaí próiseála inneachair d'fhonn inneachar agus seirbhísí digiteacha a oiriúnú agus a phearsantú d'úsáideoirí ar fud na margaid domhanda. Sheol taighdeoirí ón Scoil Altranais agus Eolaíochta Daonna dhá thionscadal chun aghaidh a thabhairt ar néaltrú. Arna maoiniú ag an FSS agus Atlantic Philanthropies, is é cuspóir an tionscadail ELEVATOR de €2.7m ná cláir oiliúna agus oideachas a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le cúram na ndaoine a bhfuil néaltrú acu. Is tionscadal de €2.5m é ACTIFCARE lena ndéantar anailís ar neamhionannas maidir le rochtain ar chúram sláinte do dhaoine a bhfuil néaltrú acu agus neamhord néarmheathlúcháin acu.

Arna chomhordú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus faoi cheannas an tOllamh Dermot Diamond, fuair NAPES, tionscadal de chuid an AE, €3.3 milliún (€1.2 milliún d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) le haghaidh taighde i monatóireacht uisce. I mí Iúil, shínigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Comhpháirtíocht Ollscoile Trasteorann Straitéiseach le hOllscoil Uladh, lena ndéantar comghuaillíocht fhoirmiúil a threisiónn an deá-chomhoibriú rathúil.

Leanann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar aghaidh lena misean a chomhlíonadh mar Ollscoil an Fhiontair. Olbríonn an tIonad do Ghnó Teaghlaigh d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (CFB-Centre for Family Business), a seoladh i mí Dheireadh Fómhair, le gnólachtaí teaghlaigh Éireannacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uathúla atá os a gcomhair agus chun tacú lena rannpháirtíocht i ngeilleagar na hÉireann agus sa tsochaí. Rinne Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath comhpháirtíocht chomh maith le daa international chun an Institiúid Eitlíochta Bhaile Átha Cliath a seachadfar cláir agus cúrsaí uilechuimsitheacha ar fud an raoin iomláin den tionscal eitlíochta. Le haghaidh na mac léinn, réachtáil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chéad Lá Infheisteoirí, ina raibh an deis ag mic léinn a ghlac páirt i gClár Luathaithe de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a gcuid gnó a chur i láthair d'infheisteoirí, d'aingil ghnó agus do chaipitlithe fiontair.

I mbliana, bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dochtúireachtaí Oinigh ar Thoscaire Síochána Idirnáisiúnta, an Seanadóir George Mitchell, agus ar David Trimble agus ar Seamus Mallon, in aitheantas dá rannpháirtíocht sa tsíocháin i dTuaisceart Éireann, ar an 15ú chomóradh bliana de shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta. I mí na Samhna, bronnadh dochtúireachtaí oinigh ar laochra spóirt Sean Kelly, Brian O'Driscoll and Katie Taylor, agus ar an Dochtúir Tony Scott chomh maith, ba é an bunaitheoir de Thaispeántas BT den Eolaí Óg agus Teicneolaíocht (BT Young Scientist and Technology Exhibition).

I mí an Mheithimh, baineadh amach an chéad chloch mhíle i dtreo Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Coláiste Oideachais Mater Dei agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann a chorprú in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairi Quinn TD, "Fís oideachais do gach leanbh in Éirinn". "A vision for education of all the children of Ireland". Tá obair ar bun faoi láthair chun an chéad chloch mhíle eile a shroicheadh i mí Mheán Fómhair 2015, nuair a chláróidh mic léinn focóimí ón gcéad bhliain agus mic léinn iarchéime i mbun taighde ón gColáiste Oideachais Mater Dei agus ón gColáiste Phádraig, Droim Conrach mar mhic léinn d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Leanann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tionchar a dhéanamh trí fhor-rochtain, rannpháirtíocht áitiúil agus domhanda agus inrochtaineacht. Seoladh an Institiúid Náisiúnta um Foghlaim Dhigiteach (National Institute for Digital Learning) chomh maith le

branda foghlama solúbtha nua ar líne, DCU Connected. Leis seo, cuirfeall Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sraith de chlár chéime ar líne a bheidh ag dul i méid, chomh maith le roghanna de chúrsaí gearra solúbtha agus tionscnaimh thrasnáisiúnta ollmhóra i go leor tíortha ina bhfuil comhpháirtíochtaí straitéiseacha ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Leis na gaiscí seo, léirítear roinnt de na hiarrachtaí agus na héachtaí a tharla le linn na bliana. Mar Uachtarán, is mór an onóir dom, an rath seo a fheiceáil agus iad a chur in iúl dár gcairde agus dár bpáirtithe leasmhara lasmuigh den Ollscoil. Éascaíodh go háirithe iad leis na hiarrachtaí agus le dílseacht agus tiomantas leanúnach atá ag ár mbaill foirne agus ag ár mic léinn, agus chomh maith le tacadóirí, iontaobhaithe, Alumni agus cairde na hollscoile, a oibríonn an-chrua chun acmhainneacht iomlán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bhaint amach.



Gradaim agus Onóracha



Ó Chlé go Deas: An Dochtúir A. Heise, An tOllamh B. MacCraith, An tOllamh A. Harvey agus An Dochtúir I. McMenamin

Gradaim an Uachtaráin do Thaighde

I rith na bliana, bronnadh Gradaim an Uachtaráin do Thaighde ar an Dochtúir Andreas Heise, Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus ar an Dochtúir Iain McMenamin, Scoil an Dlí & Rialtais.

Fuair an Dochtúir Andreas Heise, Léachtóir Sínearach de SFI Stokes, Gradaim an Uachtaráin do Thaighde 2013 sa réimse Eolaíochta & Innealtóireachta as ucht a n-éachtaí den scoth maidir le clár taighde nua um ábhair agus polaiméirí a bhunú in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Thaispeáin an Dochtúir Heise a chumas treochtaí taighde nua a réamh-mheas agus bainistíocht a dhéanamh ar mhaoiniú taighde ollmhór, ar a thógáil agus ar aschur acadúil thar fheabhas a choimeád ag an leibhéal idirnáisiúnta is airde.

Fuair an Dochtúir Iain McMenamin, ó Scoil an Dlí & Rialtais de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Gradaim an Uachtaráin do Thaighde 2013

sa réimse Daonnachtaí & Eolaíochtaí Sóisialta as ucht a rannchuidiú idirnáisiúnta den scoth le forbairt i réimse na polaitíochta comparáidí. Is é an Dochtúir McMenamin an príomhshaineolaí domhanda ar ghnólachtaí agus páirtithe polaitiúla, agus ina thaighde cuirtear an bhéim ar an idirghníomhaíocht idir gnó agus rialtas, gné fhiorthábhachtach de pholaitíocht ar an leibhéal acadúil agus déanta beartais araon.

Gradaim Thráchtálaithe Invent



Ó Chlé go Deas: An tUasal Richard Stokes, An tOllamh Brian MacCraith, An Dochtúir Mazhar Bari

Reáchtáladh an searmanas bliantúil de Ghradaim Thráchtálaithe Invent i mí Aibreáin. Bronntar na gradaim de réir trí chatagóir: roghanna ceadúnais, ceadúnais do chuideachtaí atá ann cheana agus ceadúnais do mhac-chuideachtaí. Ag labhairt ag an searmanas bronnata, mhol an tOllamh Brian MacCraith Invent as an aitheantas atá aige mar an oifig aistrithe teicneolaíochta atá chun tosaigh in Éirinn don chúigiú bhliain i ndiaidh a chéile. I rith na bliana, bhí Invent freagrach as 20 ceadúnas a chur i gcrích as iomlán náisiúnta de 118 agus as seacht gcuideachta úra a chur ar bun as 30 mac-chuideachta a cuireadh ar bun ar an iomlán sa tír.



Sárthaispeántas Nuálaíocht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag na Gradaim Fujitsu

I measc na nuálaíochtaí nua a bhuaigh Gradaim an Uachtaráin do Nuálaíocht i mbliana bhí aipeanna android a chruthú agus a dhífhabhtú, bunachar sonraí a chabhraíonn le forbairt ghairmiúil de mhúinteoirí faoi oiliúint agus an cur i bhfeidhm de bhogearraí réaltachta feabhsaithe laistigh de leabharlann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí na gradaim urraithe ag Fujitsu. Arna gcur i láthair ag Regina Moran, POF de Fujitsu Ireland, agus ag an Ollamh Brian MacCraith, is é aidhm na ngradam spreagadh agus aitheantas a thabhairt d'éachtaí nuálacha na mac léinn, na dtaighdeoirí agus na mball foirne ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus a choláistí nasctha, Coláiste Oideachais Mater Dei agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach.

Catagóir Mhac Léinn

Chruthaigh Anoop Sebastian, mac léinn in Innealtóireacht na Meán Digiteach, ríomhchlár gréasánbhunaithe chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhíonn ag forbróirí aipe Android. Lena Thimpeallacht Chomhtháite Forbartha (TCF), tugtar rochtain éasca ar uirlisí forbartha Android, lena ligtear don úsáideoir a bhéim a chur ar fhorbairt aipe amháin. Lena nuálaíocht ligtear d'aipeanna a úsáid gan sreang ar theileafón Android agus le haghaidh teachtaireachtaí logálaí arna nginiúint ar an teileafón atá le haistriú gan sreang go dtí an TCF gréasánbhunaithe.

Catagóir Bhaill Foirne Tacaíochta & Riaracháin

Chuir Leabharlann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sraith de sheirbhísí Réaltacht Bhreistithe (AR) i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an eispéireas foghlama do mhic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Leis an AR ligtear d'úsáideoirí breathnú ar inneachar digiteach ar fhóin chliste agus ar tháibléid, atá cumasctha le hamhairc bheo de thimpeallacht an tsaoil dháiríre. I measc na dtionscnamh arna bhforbairt ag na Seirbhísí Leabharlainne tá turas podchraolta féintreoiraithe, sceidil oiliúna leabharlainne inrochtana go digiteach agus ríomhtheagasc do mhic léinn.

Catagóir Acadúil & Taighde

Is éard atá i METIS (Oideachas Mater Dei um Chóras Faisnéise Múinteoireachta) ná timpeallacht ghréasánbhunaithe shaincheaptha lena mbainistítear socrúcháin scoile. Ba é an Dochtúir Enda Donlon de Choláiste Oideachais Mater Dei a d'fhorbair METIS. Leis an mbunachar sonraí, éascaítear an fás gairmiúil de mhúinteoirí faoi oiliúint trí fhaisnéis a chur le chéile maidir le socrúcháin a dhéanann na mic léinn de réir mar a bhaineann siad a chéim amach.

Gradaim an Uachtaráin don Teagasc agus don Fhoghlaim



Aithnítear sármhaitheas sa teagasc le Gradaim an Uachtaráin don Teagasc agus don Fhoghlaim. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí:

An Dochtúir Lorraine Boran, an Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna (Catagóir Acadúil); Terry O'Brien, DCUBS (Catagóir de - Léachtóir/Teagascóir Úr); An Dochtúir Tom Hickey, Scoil an Dlí & Rialtais (Gradam Speisialta do Chur Chuige um Theagasc Saintréitheach); Jennifer Bruton, Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí (Gradam Speisialta do Chur Chuige um Measúnú agus Aiseolas Saintréitheach) Liam Domican, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Déantúsaíochta (Catagóir na Tacaíochta Acadúla).

Gradaim Bhronnta Oinigh

Bhí an-áthas ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath David Trimble agus Seamus Mallon a onóru i searmanas speisialta, a reáchtáladh ar an 15ú chomórach bliana de shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta. Bronnadh an gradam Dochtúireacht Fealsúnachta (honoris causa) orthu as ucht a rannpháirtíocht ollmhór sa phróiseas síochána i dTuaisceart Éireann agus as a dtiomantas do thodhchaí níos fearr a chothú do na daoine go léir ar oileán na hÉireann.

Ag labhairt ag an searmanas, dúirt an Dochtúir Martin McAleese, Seansailéir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, go bhfuil " an ghairm de cheannasaíocht sa síocháin agus in athrú an chultúir dhoiligh, tuirsiúil agus deacair, mar a d'fhéadfadh ár mbeirt fear a rá gan dabht inniu. Ach bronnaimid onóir orthu ós rud é go raibh onóir acu ar an ngairm sin, go raibh siad tiomanta di agus gur choinnigh siad orthu go dtí an deireadh, cibé an toradh. Tá David Trimble agus Seamus Mallon ar an ardán seo le chéile, mar táimid faoi chomaoín acu as gach rud a rinne siad chun an pholaitíocht shaoibh, phairiliseach den am atá thart a sháru agus chun saol nua agus fuinneamh úr a thabhairt don todhchaí - ár dtodhchaí."

Is í an Dochtúireacht Fealsúnachta (honoris causa) an onóir is airde a fhéadfaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bhronnadh agus bronnar é in aitheantas de dhaoine den scoth ar thaispeáin sármhaitheas ina slí bheatha, i seirbhísí don phobal, sna healaíona, litríocht agus cultúr nó maidir le seirbhís den scoth a thabhairt don Ollscoil.

Bhí an-áthas ar an Ollscoil roinnt gradam a bhronnadh i mbliana. Sa bhreis ar na Dochtúirí Mallon agus Trimble, bronnadh an Dochtúireacht Fealsúnachta (honoris causa) chomh maith ar phearsana spóirt Sean Kelly, Brian O'Driscoll agus Katie Taylor (in absentia), agus ar an Dochtúir Tony Scott, Emeritus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, in aitheantas dá rannpháirtíocht iomadúil sa teagasc, taighde agus i gcur chun cinn na heolaíochta agus ar Thoscaire Síochána Idirnáisiúnta, an Seanadóir George J Mitchell, a mbronnadh an gradam air as a sheirbhís den scoth ar son na síochána ar fud an domhain. Bhí Toscaire Speisialta na Stát Aontaithe do Thuaisceart Éireann ó 1995-2001, an Seanadóir Mitchell ina Chathaoirleach Neamhspleách ar Chainteanna na Síochána do Thuaisceart Éireann, ar éirigh leis idirghabháil a dhéanamh do Chomhaontú Aoine an Chéast



An Dochtúir Seamus Mallon agus an Dochtúir David Trimble



An Dochtúir Brian O'Driscoll agus an Dochtúir Sean Kelly



An tOllamh Brian MacCraith agus an Dochtúir Tony Scott



An Seanadóir George J Mitchell agus An tOllamh Brian MacCraith

“Bhí tú an t-idirghabhálaí dlís, macánta, tiomanta ag an am a raibh sé is mó ag teastáil uainn Chabhraigh tú le teanga, meonta, dearcadh a athrú ó bhonn. Bhuaigh tú linn nuair a bhíomar is diongbháilte agus fós d'éirigh leat na féidearthachtaí iontacha a bhaineann le comhréiteach a dhíol. Leis sin, chabhraigh tú linn an bealach ar bhreathnaíomar orainn féin agus ar a gcéile ar an oileán seo a athrú, chomh le cabhrú leis an ngaol lenár n-oileán comharsana a athchalabrú. Go bunúsach, chabhraigh tú linn rud a bhí dodhéanta dár le go leor daoine a dhéanamh- nach raibh duine ar bith ag súil leis agus i gcoinne na staire í féin - sheachaid tú comhaontú a réitigh an bealach do shíocháin bhuan.”

- An Dochtúir Martin McAleese

Acadóirí d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath arna nglacadh sa RIA



Glactar an tOllamh Dermot Diamond, Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Taighde ar Bhraiteoirí agus an tOllamh Richard O'Kennedy, Ollamh in Eolaíochtaí Bitheolaíocha, mar bhaill d'Acadamh Ríoga na hÉireann, rud a leanann le traidisiún Acadaimh atá ann le 229 bliain anuas, lena dtugtar aitheantas d'éachtaí den scoth i réimse na foghlama. Is imscrúdaitheoir maoinithe ag an Ionad INSIGHT SFI d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é an tOllamh Diamond. Tá a thaighde dírithe ar an eolaíocht bhunúsach de pholaiméirí atá freagrúil le goineoga, ar an bhforbairt d'ardáin bhraite ceimiceán uathrialacha todhchaíocha, agus ar an úsáid de bhraiteoirí ceimiceán mar sholáthraithe faisnéise. Le haghaidh córas Néal-Ríomhaireachta. Is Stiúrthóir Eolaíochta ag an Institiúid um Dhiagnóisic Bhithleigheas ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é an tOllamh O' Kennedy. Tá cáil idirnáisiúnta air as a chuid oibre ceannródaíche ar innealtóireacht antashubstainte le béim áirithe ar fheidhmiú braiteora-imdhíontáin. D'eascair forbairtí tráchtála as a chuid oibre, lena n-áirítear an úsáid le déanaí d'antashubstaint a ndearnadh innealtóireacht uirthi maidir le próitéin imoibríoch C ar ardáin diagnóisice le haghaidh measúnú tapa de ghalar cairdiach.

Gradam Thionscal Eitlíochta na hÉireann do Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



Ba é Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bhuaigh an Gradam Oideachais Acadúla Eitlíochta Foriomlán don BSc i gClár Céime um Bainistíocht Eitlíochta (le Staidéir Phíolóta), ag na Gradaim Thionscal Eitlíochta tionscnaimh, a reáchtáladh i mí an Mheithimh. Ag na gradaim tháinig na príomhdhaoine ó thionscal eitlíochta na hÉireann le chéile chun aitheantas a thabhairt dá nuálaíocht agus rannpháirtíocht don earnáil. Roghnaíodh ochtar déag buaiteoir ó bheagnach os cionn 120 iontráil a chuir níos mó ná 70 cuideachta ar thús cadhnaíochta.

Sa chlár BSc nua seo i mBainistíocht Eitlíochta, díreann ar na bearnaí i ndeiseanna oideachais dóibh siúd atá ag dul isteach sa tionscal eitlíochta. Dóibh siúd ar mian leo a bheith ina bpiólóta tráchtáil, cuireann sé bealach ar fáil do cháilíocht ghairmiúil mar phíólóta tráchtáil in éineacht le cúla láidir in oideachas gnó. Dóibh siúd ar mian leo ról eile a bheith acu san eitlíocht, ullmhaíonn sé na mic léinn leis an oideachas agus na scileanna atá riachtanach chun tairbhe a bhaint as na deiseanna gairme a bhaineann leis an tionscal seo a bhíonn ag athrú de shíor.

Agus an gradam seo á ghlacadh ar son Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, dúirt an Dochtúir P.J. Byrne Stiúrthóir den Chlár BSc i mBainistíocht Eitlíochta, go "dtaispeánann an t-éacht iontach seo dul chun cinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir lena suntasacht san earnáil eitlíochta in Éirinn. Agus tá an t-éacht seo suntasach chomh maith mar tháinig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa chéad áit den chatagóir oideachais i gcoinne iomaitheoirí a bhfuil go leor blianta d'oideachas eitlíochta acu, cé gurbh í an bhliain tionscnaimh d' Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Balla Alumni Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath 2014

Reáchtáladh an séú Bhalla Alumni d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin i Leabharlann John & Aileen O'Reilly. Seoladh an Balla Alumni don chéad uair sa bhliain 2008 chun gnóthachtálacha pearsanta agus gairmiúla ar fheabhas de chéimithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh. Is iad baill foirne agus alumni Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a ainmníonn na honóraigh agus is í Comhairle Alumni Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a roghnaíonn an dáréag iomaitheoir sa bhabhta ceannais. Agus ag labhairt faoi na dámhachtaithe, dúirt Gay White, Cathaoirleach de Chomhairle Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, "Táimid an-bhródúil dár gcéimithe a roghnaíodh le haghaidh Balla Alumni Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath 2014. Tá rannpháirtíocht ollmhór déanta acu ina réimse. Léiríonn a gcuid scéalta an obair dhian atá déanta acu, chomh maith leis an tiomantas agus spreagadh atá acu d'fhonn a bheith rathúil. Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath bródúil as ról a bheith againn sna scéalta rathúla seo. Is inspioráid iontach é an Balla Alumni dár mic léinn reatha, a bhreathnaíonn ar na Dámhachtaithe Alumni mar eiseamláirí tábhachtacha ina dturas acadúla féin".

An 100 Bean is Fearr i STEM



An Dochtúir Christine Loscher



Ann Horan

Bhí an Dochtúir Christine Loscher, Stiúrthóir den Mhol Fiontraíocht agus Taighde um Theicneolaíochtaí Sláinte ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus Ann Horan, POF d'Acadamh Ryan d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ar liosta den 100 Bean is Fearr san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic de réir Silicon Republic. In éineacht leo sa ghlaoc rolla seo d'eiseamláirí mná iontacha seo, tá céimí Regina Moran, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus POF de Fujitsu; Arlene O'Neill, cumarsáidí eolaíochta agus Anne Ravanona, POF, Global Invest Her.

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Acadamh Ryan Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an chlann de Tony Ryan, nach maireann, bunaitheoir de Ryanair, a bhfuil mar aidhm aige a bheith ina tacadóir chun tosaigh d'fhiontraíochtaí agus nuálaíochtaí in Éirinn. Is éard atá sa Lián Mná do Mhná Sárchumasacha (Female Propeller for High Fliers) ná clár luathaithe do ghnólaíochtaí nuathionscanta faoi cheannasaíocht mhná a dhíríonn go háirithe ar na dúshláin atá roimh fhiontraíochtaí mná.

Gradaim an Uachtaráin don Chomhpháirteachas



Michelle O'Donnell Keating agus an Dochtúir Eithne Kennedy

Bronnadh Gradaim an Uachtaráin don Chomhpháirteachas (Catagóir mhic léinn) ar Michelle O'Donnell Keating, comhbhunaitheoir de Women for Election agus mac léinn PhD i Scoil an Dlí & Rialtais as a cuid iarrachtaí méadú a chur ar líon na mban a bhfuil páirt ghníomhach acu ar gach leibhéal den saol polaitiúil. Fuair an Dochtúir Eithne Kennedy, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Gradaim an Uachtaráin don Chomhpháirteachas (Catagóir Bhall Foirne) mar gheall ar a tionscadal Write to Read, idirghabháil litearthachta do phobail faoi mhíbhuntáiste i gceantair uirbeacha.

Gradam Tionscadail Ghrianghrafadóireachta don Chlár Foghlama Idirghlúine

I mí na Samhna, bhí an Clár Foghlama Idirghlúine mar cheann de naoi dtionscadal ar fud an domhain a roghnaíodh i gcomhar maoinithe ag Ashoka U agus Photowings. Tugadh 'Old and New' ar an tionscadal agus bhí sé faoi stiúir An Dochtúir Cathy Fowley agus an Dochtúir Trudy Corrigan, Scoil Oideachais agus an Dochtúir Emer Ní Bhrádaigh, Fiontar, agus tá sé mar aidhm aige nasc a dhéanamh idir daoine níos sine agus mic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trí albaim chlainne agus grianghraif phearsanta roinnte.

Rath agus Scoláireachtaí na Mac Léinn



Scoláireachtaí McAleese do mhic léinn ó Thuaisceart Éireann

I mí Aibreáin, d'fhógair an Ollscoil sonraí maidir le scéim scoláireachta nua dírithe ar staidéar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh níos inrochtana do mhic léinn ó Thuaisceart Éireann. Ainmníodh na scoláireachtaí McAleese in onóir d'Iar-Uachtarán na hÉireann, An Dochtúir Mary McAleese agus an Seansailéir d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, An Dochtúir Martin McAleese. Tá suas le 40 scoláireacht ar fáil (10 do gach Dámh) a bhronnfar ar bhonn trí A-leibhéal, le riachtanas íosta de 2 'A' agus

1 'B'. Ní mór do na hiarratasóirí riachtanais iontrála íosta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh chomh maith le haon riachtanas de chlár sonrach. Áirítear sna scoláireachtaí dámhachtain de €1000 do gach iarratasóir rathúil.

Mic Léinn ar a mBealach go dtí Ollscoil Notre Dame, Indiana

Bronnadh áit i Máistreacht sa Sármhaitheas Fiontraíochta um Innealtóireacht, Eolaíocht agus Teicneolaíocht (ESTEEM) ag Ollscoil Notre Dame, SAM, ar mhac léinn Robert Lis, a bhfuil ina bhliain dheireanach de na Feidhmchláir Ríomhaire. Is éard atá in ESTEEM ná clár Máistreachta gairmiúil nuálach de 11 mhí, a ceapadh chun cúla eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM) a thabhairt do mhic léinn, éiceachóras fiontraíochta lena ligtear dóibh teicneolaíochtaí ollscoile a thabhairt ón gcoincheap go dtí an margadh. Tá rannpháirtíocht Robert in ESTEEM urraithe ag ánracht Naughton Foundation.

Bronnadh an chéad ánracht Naughton ó Ollscoil Notre Dame ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, le Gillian Duffy, mac léinn taighde leis an Mol um Theicneolaíocht Bhraiteachta Chomhshaoil agus Muirí, MESTECH. Mar chuid dá clár PhD, rachaidh sí go dtí na Stáit Aontaithe chun bliain a chaitheamh ag obair le taighdeoirí ar mhonatóireacht chomhshaoil. Déanfaidh an tOllamh Dermot Diamond agus an tOllamh Fiona Regan d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maoirseacht ar a PhD.

Bunaíodh an ánracht Naughton chun deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn den scoth sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice, as Éirinn agus ó na Stáit Aontaithe araon, chun nasc a dhéanamh le taighdeoirí ar thús cadhnaíochta agus chun naisc níos láidre a chothú idir na hinstitiúidí agus tíortha óstaigh.

Téann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go Silicon Valley

I mbliana, bhí an bua ag trí chuideachta mhic léinn nuabhunaithe i gcuardach domhanda an chéad ghlúin eile de ghnólachtaí teicneolaíochta d'ard-acmhainneacht a aithint. As 40 iarratasóir ar fud an domhain, roghnaíodh Notehome, Cent for Change agus Agile Payments mar an t-aon iontráil ó Éirinn dul le cohórt scothaicme de 14 gnólacht nuathionscanta mic léinn chun páirt a ghlacadh san Intel Technology To Market Accelerator@UC Berkeley.

Is éard atá sa chlár Intel Technology to Market Accelerator@UC Berkeley ná comhpháirtíocht idir Intel Foundation agus an Lester Center for Entrepreneurship ag an Haas School of Business, University of California, Berkeley, deartha chun na scileanna nuathionscanta is ceannródaíche de Silicon Valley a mhúineadh d'fhiontraithe ar fud an domhain, lena dtugtar foghlaim thumthach réadúil dóibh maidir le teicneolaíochtaí a aistriú go gnólachtaí nuathionscanta go rathúil ar mhaithe na sochaí.

Tá na trí chuideachta de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag forbairt a smaointe gnó mar chuid de thionscnamh UStart d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, arna n-urrú ag an JP Morgan Chase Foundation.

Soláthraíonn **Agile Payments** seirbhís idirbhirt gan airgead tirim chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora agus córas cúlchóirithe a chur ar fáil gan srianta.

Cuireann **Cent for Change** bealach nua chun airgead a thabhairt do charthanachtaí ar fáil don chustaiméir baincéireachta ar líne, trí mhodh simplí a sholáthar chun a cent atá sa bhreis ina n-iarmhéid cuntais a thabhairt dá carthanacht a roghnaíonn siad féin.

Is éard atá i **Notehome** ná ardán íocaíochta agus cumarsáide soghluaiste agus ar líne atá éifeachtach ó thaobh costais de do bhunscoileanna agus do thuismitheoirí.

Duais Hamilton sa Mhatamaitic

I mí Dheireadh Fómhair, bronnadh an Gradam Hamilton ó Acadamh Ríoga na hÉireann ar Aaron Kenny atá sa cheathrú bhliain den BSc sa Mhatamaitic Achtúireach. Gach bliain bronnar an gradam seo ar an mac léinn is fearr sa Mhatamaitic i 10 n-institiúid Ard-Oideachais in Éirinn.

Gradaim Fulbright



Le linn na bliana, bronnadh an Gradam Fulbright a bhfuil ardmheas air, ar na daoine seo a leanas.

- Rachaidh an Dochtúir Colm Browning, taighdeoir iardhochtúireachta ag an tsaotharlann de Chumarsáid Raidió agus Súl in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, go dtí an Ollscoil Columbia, Nua-Eabhrac chun taighde a dhéanamh a bheidh dírithe ar chórais chumarsáide súl ardluais a thabhairt isteach go hionaid shonraí.
- Rachaidh Teresa Lynn, mac léinn PhD i dTeangeolaíocht Ríomhaireachtúil go dtí Ollscoil Saint Louis, chun taighde a dhéanamh ar theicníochtaí próiseála teanga nádúrtha chun acmhainní agus teicneolaíocht teangeolaíochta a fhorbairt don Ghaeilge.
- Déanfaidh Roe McDermott, céimí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus dámhachtainí Fulbright, céim Mháistreachta i Léinn Gnéasachta ag an Ollscoil de San Francisco State.
- Rachaidh an Dochtúir David Monaghan, taighdeoir iardhochtúireachta ag an Ionad Insight d'Anailísíocht Shonraí go dtí Ollscoil Arizona State chun taighde a dhéanamh ar theicneolaíocht ríomhaireachta cluichíochta agus a fheidhm ar ghreamú athshlánúcháin fisiceach, le béim ar leith ar idirghníomhaíocht daonna-ríomhaire.

Taighde agus Nuálaíocht



Ionad Insight d'Anailísíocht Shonraí

Chuaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i bpáirt le comhpháirtithe tionscail agus acadúla chun INSIGHT a chruthú, ionad nua de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann d'anailísíocht sonraí. Sheol an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Richard Bruton TD agus an tAire Taighde agus Nuálaíochta, an tUasal Sean Sherlock TD, INSIGHT go hoifigiúil, is comhoibriú é idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, COC agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, ina bhfuil níos mó ná 200 taighdeoir ó na hollscoileanna seo agus ó institiúidí ardoideachais eile agus 30 comhpháirtí tionscail, chun Éire a chur ag croílár taighde anailísíochta sonraí dhomhanda.

Bronnadh maoiniú de €58 milliún ar an IONAD Insight d'Anailísíocht Shonraí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta trí Chlár Ionad Taighde de chuid SFI, chomh maith le ranníocaíocht de €30 milliún óna gcomhpháirtithe tionscail. Leis an Ionad tugtar cur chuige nua ar fáil maidir le taighde agus forbairt in Éirinn, trí thaighde eolaíoch na dtaighdeoirí anailísíochta sonraí atá chun tosaigh in Éirinn a nascadh le riachtanais tionsclaíochta agus fiontraíochta. I measc na gcomhpháirtithe tionscail tá RTÉ, The Irish Times, Cisco, Microsoft, Alcatel-Lucent, Santry Sports Clinic, the IRFU, Avaya, TE Labs, TreeMetrics, NitroSell, Avego, UTRC, Shimmer agus comhpháirtithe eile.

Ag labhairt ag an seoladh, dúirt an tAire Bruton: "Tá earnáil na sonraí móire ag dul i méid go domhanda ag ráta de 40% in aghaidh na bliana, agus táimid dírithe orthu mar chuid do na nAthchóirithe Suaiteacha a chuimsítear sa Phlean Gníomhaíochta um Poist 2013. Is earnáil í seo, a bhfuil an

acmhainneacht ag Éirinn buntáiste iomaíoch a bhaint amach agus líon suntasach d'infheistíochtaí agus poist a tharraingt, agus tá bearta á gcur i bhfeidhm againn chun a chinntiú go bhféadfaimid an acmhainneacht sin a sheachadadh. Is comhartha láidir dár n-uailmhian sa réimse seo é an bunú den ionad taighde SFI den scoth seo maidir le hanailísíocht sonraí, le hinfeistíocht iomlán de €88 milliún urraithe ag mo Roinn"

Ar feadh na sé bliana atá amach romhainn, táthar ag súil go mbeidh 12 mac-chuideachta nua ann mar thoradh ar an taighde INSIGHT, tuairim is 50 comhdúchán paitinne, agus níos mó ná 50 ceadúnas teicneolaíochta, a bheidh mar chúis le go leor post díreach agus indíreach san earnáil um anailísíocht sonraí.

Rialtas agus tionscal le €19.8 milliún a infheistiú i dtaighde inneachair chliste CNGL

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair An tUasal John Perry TD, an tAire Stáit atá freagrach as Gnóthas Beag ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, go dtabharfaidh an Rialtas maoiniú de €13.5 milliún tríd an SFI, do thaighde ceannródaíoch maidir le hinneachair chliste ag an CNGL Centre for Global Intelligent Content. Le tuilleadh infheistíochta de €6.3 milliún ó 16 comhpháirtí tionscail, is ionann an leithdháileadh maoinithe agus €19.9 milliún. Beidh an clár taighde nua uailmhianach de chuid an CNGL dírithe ar an bhforbairt de theicneolaíochtaí próiseála inneachair d'fhonn inneachair agus seirbhísí digiteacha a oiriúnú agus a phearsantú chun freastal ar riachtanais agus roghanna

na n-úsáideoirí ar fud na margaí domhanda. Is cuibhreannas taighde acadúil-tionscail tiomanta do thionscnaimh shuaiteacha a sheachadadh maidir leis an meán digiteach agus le hinneachar cliste ar nós anailís inneachair ilteangaigh. Tá an tlonad faoi stiúir Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus comhóstáilte ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag tosú an dara bhabhta maoinithe le tacaíocht ón SFI. Go dtí seo, mar thoradh ar thionchar Eacnamaíoch agus Sóisialta an CNGL, bunaíodh seacht mac-chuideachta, cruinníodh €1.25 milliún i gcaipiteal fiontair agus cruthaíodh tríocha post nua de luach ard d'Éirinn. Tharraing an CNGL maoiniú de €7 milliún bhreise ó fhoinsí nach ón státchiste iad, lena n-áirítear 15 tionscadal ollmhór arna maoiniú ag an Aontas Eorpach.

Agus atá saineolas ó thaighdeoirí ar thús cadhnaíochta ag ceithre ollscoil (Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh) is iad comhpháirtithe reatha an CNGL Microsoft, Symantec, Intel, McAfee, Cisco, DNP, Xanadu, Welocalize, Alchemy Software Development, VistaTEC, agus go leor ceannasaithe tionscail eile.

Dúirt an tOllamh Mark Ferguson, Ardstiúrthóir, SFI: "Tá an chuibhreannas taighde acadúil-tionscail seo ag treorú an bunathrú ar réabhlóid dhomhanda na hÉireann maidir le hinneachar cliste. Tá riachtanas ann don tábhacht a bhaineann leis an infheistíocht leanúnach sa taighde eolaíoch den scoth d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí. Is léir gur sheachaid an CNGL buntáistí eacnamaíoch inláimhsithe, lena n-áirítear rannpháirtíocht tháirgiúil le comhoibrithe tionscail, an cruthú de roinnt mac-chuideachta rathúil agus an cruthú de níos mó ná 30 post nua. Léiríonn an maoiniú breise seo tiomantas an SFI, an Rialtais agus an tionscail maidir le seasamh idirnáisiúnta atá chun tosaigh a bhunú d'Éirinn i dtaca le hinneachar cliste agus chun deiseanna fostaíochta d'ardchaighdeán agus ardteicneolaíochta a chruthú don todhchaí.

Comhoibríonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath leis an Tionscadal Polar Bear Genome

Ghlac taighdeoirí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath páirt i dtionscadal taighde idirnáisiúnta, ina ndearnadh comparáid idir géanóim de bhéir bhána agus dhonna, agus fuarthas amach go speiceas i bhfad níos óige é an béal bán, agus tháinig sé ón mbéal donn níos lú ná 500,000 bliain ó shin. San anailís nochtadh roinnt géinte a bhfuil baint acu in oiriúnú foircneach an bhéir bháin le saol san Artach Thuaidh.

Bhí an Dochtúir Mary O'Connell agus an Dochtúir Claire Morgan, chomh maith le comhghleacaithe ó Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, rannpháirteach i gcomhoibriú idirnáisiúnta chun an béal bán a sheicheamhú agus anailís a dhéanamh air, lena gcuirtear le chéile tacair sonraí mhóra de ghéinte chun a fháil amach cén bhealaí agus próitéin a ndearnadh brú roghnach orthu ionas go dtiocfadh athrú orthu, mar fhreagra ar an gcoilíniú den timpeallacht fhoircneach seo.

Taighde maidir le Néaltrú in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



An Dochtúir Kate Irving, an Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna agus an tAire Kathleen Lynch, TD

Sheol an tAire Kathleen Lynch, TD, Aire Stáit ag Roinn Sláinte agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, le freagracht as Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta ELEVATOR. Is é cuspóir an tionscadail taighde de €2.7m ná cláir oiliúna agus oideachas a chur ar fáil do phobail agus dóibh siúd a bhfuil baint acu le cúram na ndaoine a bhfuil néaltrú acu. Is iad an FSS agus Atlantic Philanthropies a chur an maoiniú ar fáil agus déanfar an taighde i bpáirtíocht leis an FSS agus Cumann Alzheimer na hÉireann.

Le ELEVATOR déanfar scrúdú ar na díothachtaí atá ann faoi láthair maidir le cúram na ndaoine a bhfuil néaltrú acu. laistigh den phobal agus aithneofar ocht réimse shainiúil ina bhféadfaidh oideachas agus oiliúint feabhas a chur ar shaol na daoine a bhfuil néaltrú acu agus ar shaol a gcuid cúramóirí. Agus dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur san áireamh, déanfar Tuarascáil um Riachtanais Oideachais sa tionscadal chun na riachtanais oiliúna agus oideachais a mhapaíl do na páirtithe leasmhara ar feadh na cúig bliana atá amach romhainn.

Is í an Dochtúir Kate Irving, léachtóir in Altranais Meabhairshláinte ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, comhordaitheoir an tionscadail. Ag labhairt ag an seoladh, mhínigh an Dochtúir Irving "Tá sé mar aidhm ghinearálta againn feachtas a mhúscaíl maidir le néaltrú trí Chlár Oiliúna um Fheachtas Néaltraithe le haghaidh 3000 rannpháirtí gach bliain, a earcófar iad ón daonra de pháirtithe leasmhara ar nós baill foirne chliniciúla, gairmithe cúraim shóisialta, cúramóirí teaghlaigh, gardaí, asraonta miondíola agus baill foirne um fhorbairt phobail. Forbróimid clár oiliúna abhcóideachta chomh maith do dhaoine a bhfuil néaltrú acu agus dá gcuid teaghlaigh, chun cur lena gcumas a gcuid cúis imní, tuairimí agus luachanna a chur in iúl i gcomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla."

Le linn na bliana, sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Actifcare [ACess to Timely Formal Care] tionscadal um chúram néaltraithe de chostas €2.5m. Tá páirt ag taighdeoirí sa Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna in Actifcare, tionscadal atá mar aidhm aige anailís a dhéanamh ar neamhionannas maidir le rochtain ar chúram sláinte do dhaoine a bhfuil néaltrú acu agus neamhord néarmheathlúcháin acu ar fud na hEorpa. Tá saineolaithe ar néaltrú ón Ísiltír, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Iorua, ón bPortaingéil, ón tSualainn agus ón Ríocht Aontaithe ag comhoibriú ar an gclár seo de thrí bliana. Tá Actifcare dírithe ar na céimeanna láir de néaltrú, nuair a tharlaíonn an t-aistriú ó chúram neamhfhoirmiúil go meascán de chúram baile foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

Priontáil 3D d'fheistí leighis cliste inchaite

Bunaíodh comhpháirtíocht idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Australian Research Council Centre of Excellence for Electromaterials Science (ACES) chun ardfeistí leighis cliste inchaite a chruthú d'fhonn iad a úsáid sna spóirt, sláinte phearsanta agus sna teiripí leighis agus athshlánaithe. Mar shampla de na feistí atá na taighdeoirí ag obair air, tá uaireadóirí a fhéadfaidh monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshuíomh d'allas, agus teicstílí cliste a fhéadfaidh gluaiseacht sna géaga a bhrath nó éagsúlachtaí i gceimic an choirp a bhrath.

Comhoibríonn taighdeoirí ollscoile ar Chlár um Míchumas Intleachta

I mí an Mheithimh, chuir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tús le páirt a ghlacadh i gclár taighde nua ollmhór an AE faoi stiúir na hÉireann maidir le míchumas intleachta agus uathachas. Sheol Coimisinéir an AE Máire Geoghegan-Quinn an tionscadal de chostas €9 milliún a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar chaighdeán na saolta dóibh siúd a bhfuil míchumas intleachta nó uathachas orthu, dá gcuid cúramóirí agus teaghlaigh. Áirítear sa taighde, comhoibriú idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus roinnt institiúidí eile, lena n-áirítear Michigan State University agus University of Massachusetts, agus tá sé cómhaoinithe ag an Marie Curie ASSISTID Cofund de chuid an AE agus ag an gcarthanacht Éireannach RESPECT.

Tá eolaithe innealtóirí agus gairmithe chúram sláinte ag obair ar an gclár agus tá sé dírithe ar mhodhanna a fhorbairt chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas cumarsáid a dhéanamh, chun cabhrú leo obair agus foghlaim. Áirítear sna modhanna a úsáidtear, forbairt de bhogearraí aghaidh-aitheanta ríomhaireachta chun múineadh do dhaoine le huathachas conas le gothaí gnúise a aithint agus conas na difríochtaí idir aghaidheanna agus rudaí a chothú, agus úsáidfear teicneolaíocht 'fhéachaint súl' chun ligean do dhaoine nach bhfuil mórán cumas acu, rudaí ar scáileán an ríomhaire a leanúint agus a bhogadh ag baint úsáide as a gcuid súile féin. Ar feadh cúig bliana, cuirfear 40 ánracht ar fáil leis an gclár do thaighdeoirí a bhfuil taithí acu sna réimsí de theicneolaíochtaí cabhracha agus eolaíochtaí iompraíochta, a bhfuil feidhm acu ar uathachas agus ar mhíchumas intleachta. Is é an clár taighde is mó dá leithéid san Eoraip.

Staidéar ar Oilimpicí Speisialta

Chuir an Dochtúir Mary Rose Sweeney, Léachtóir Sinsearach ag an Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath SOPHIE (Special Olympics Programmes Health Impact Evaluation) i láthair ag oscailt na gCluichí Oilimpeacha Speisialta 2014 i Luimneach. Is éard atá i SOPHIE ná staidéar uathúil uile-oileáin, arna seoladh ag foireann taighdeoirí ón Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Scoil na Sláinte agus na Feidhmíochta Daonna, i gcomhoibriú le Peter Griffin d'Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus eacnamaí sláinte, Dominic Trépel. Seoladh é ar feadh dhá bhliain, agus i gceist sa staidéar bhí scrúdú ar shláinte agus folláine na ndaoine faoi mhíchumas intleachta agus a gcuid teaghlaigh, a bhfuil baint acu nó nach bhfuil sa chlár Oilimpeacha Speisialta, d'fhonn na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh sa chlár Oilimpeacha Speisialta a aimsiú.

Rath i dtaighde de chuid an AE d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le hArdáin Anailíseacha don Chéad Ghlúin Eile um Brath na nDálaí Timpeallachta

Fuair NAPES (Ardáin Anailíseacha don Chéad Ghlúin Eile um Brath na nDálaí Timpeallachta) tionscadal de chuid an AE, €3.3 milliún (€1.2 milliún d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) le haghaidh taighde i monatóireacht uisce ar feadh tréimhse de trí bliana go leith. Arna chomhordú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus faoi cheannas an tOllamh Dermot Diamond, tá sé mar aidhm ag an tionscadal FP7 de chuid an AE, córais den chéad ghlúin eile a fhorbairt, ag baint úsáide as ábhair cliste i gcomhar braite bhitheolaíoch agus ceimiceáin. Beidh an tionscadal dírithe ar uisce atá i gcomhar ídiú daonna, agus déanfar monatóireacht ar éileáin cheimiceáin agus pataigin bhaictéarach, ar nós e-coli. Tá sé beartaithe ag NAPES laghdú a chur ar na costais arda a bhaineann le monatóireacht chomhshaoil a chur i bhfeidhm, a bheidh mar chúis le húsáidí suímh iolracha ollmhóra agus le cruthú de ghréasáin bhraiteora de príomhpharaiméadair um cháilíocht uisce thar cheantair gheografacha leathana.

Táthar ag súil go gcruthófar suas le 7 bpost in Éirinn leis an tionscadal agus go dtiocfar cuibhreannas Eorpach le chéile ó Éirinn, ón Spáinn, ón Fhrainc, ón Iodáil, ón Ísiltír agus ón Ríocht Aontaithe.

Tionscadal Monatóireachta Uisce FP7 de chuid an AE

Tá an Lárionad Náisiúnta Taighde ar Bhraiteoirí (NCSR) ag cur a gcuid saineolas leis an tionscadal monatóireachta uisce arna maoiniú ag FP7 an AE, ina bhfuil páirt ag TE Laboratories, an FBM Éireannach atá lonnaithe sa Tulach, Contae Cheatharlach. Is é cuspóir an tionscadail seo, AQUAWARN, ná gléas nuálach, comhtháite, inghluaiste a fhorbairt chun truailliú in uisce a bhrath trí theicneolaíocht mhicrishreabhánaic, nuálach den scoth a úsáid. Tá AQUAWARN faoi stiúir TE Laboratories le comhpháirtithe cuibhreannais ag teacht ó Phoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann, Sasana, ón Iodáil agus ón Tuirc.

Comhpháirtíocht Ollscoile trasteorann straitéiseach

Shínigh an Dochtúir James Nesbitt, Seansailéir d'Ollscoil Uladh agus an Dochtúir Martin McAleese, Seansailéir d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Comhpháirtíocht Ollscoile Trasteorann Straitéiseach, lena ndéantar comhghuailliúocht fhoirmiúil a chuireann leis an deá-obair atá déanta i dtionscadail agus i gcláir chomhoibrioch rathúil idir an dhá ollscoil, lena léirítear láidreacht agus ceannasaíocht roinnte maidir le taighde, nuálaíocht agus teagasc ceannródaithe agus maidir le hoideachas atá dírithe ar ghairmeacha a sheachadadh.

Leis an gcomhpháirtíocht seo, forbrófar comhthaighde agus tionscnaimh theagaisc agus déanfar deiseanna a mhalairt i réimsí a thacaíonn le forbairt an gheilleagair, na síochána agus réiteach coimhlinte, sláinte nasctha, eolaíochtaí bithleighis agus a chuireann feabhas ar sholáthar na seirbhíse poiblí, go háirithe sa chúram sláinte agus san oideachas.

Leis an gcomhpháirtíocht seo, cruthófar creat le haghaidh raon leathan de thionscnaimh chomhoibriocha i réimsí ar nós réiteach coimhlinte, taighde bithleighis, oideachas múinteora, Sláinte Nasctha, Foghlaim Dhigiteach agus spórt agus beidh an bhéim ar ghluaiseacht do mhic léinn agus do bhaill foirne agus rochtain fhrithpháirteach ar chlár agus ar áiseanna acadúla.

"Léiríonn an fhorbairt stairiúil seo an tiomantas atá ag an dá ollscoil do chomhoibriú trasteorann agus do rannchuidiú praiticiúil chun síocháin leanúnach a threisiú ar an oileán seo.

- An tOllamh Brian MacCraith

Fiontraíocht



Seoladh an Ionaid do Ghnó Teaghlaigh d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

I mí Dheireadh Fómhair, sheol an Taoiseach, Enda Kenny TD an tIonad do Ghnó Teaghlaigh d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Oibreoidh an CFB le gnólaigh teaghlaigh Éireannacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uathúla atá os a gcomhair agus chun tacú lena rannpháirtíocht shuntasach i ngeilleagar na hÉireann agus sa tsochaí. Cuirfear ardán ar fáil chomh maith chun feabhas a chur ar iomaíochas na ngnólaigh teaghlaigh Éireannacha, chun léargas a chur ar fáil ar dea-chleachtas idirnáisiúnta de bhainistíocht ghnólaigh teaghlaigh, agus faoi dheireadh chun cabhrú le beartas na todhchaí a mhúnlú laistigh den earnáil seo atá faoi bhláth.

Institiúid Eitlíochta Bhaile Átha Cliath



I mí Mheán Fómhair, bhunaíomar an Institiúid Eitlíochta Bhaile Átha Cliath trí chomhpháirtíocht nuálach idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus daa International. Is forbairt shuntasach é seo don earnáil eitlíochta idirnáisiúnta. Arna seoladh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Paschal Donohoe TD, tabharfaidh an DAI deis do na mic léinn taithí a fháil ar mheascán uathúil de shármhaitheas agus ar thimpeallacht Aerfoirt bheo. Leis an áis nua, seachadfar sraith chuimsitheach de chlár agus de chúrsaí thar an raon iomlán den tionscal eitlíochta, ó chaighdeán ghairmiúla/ oiliúint chomhlíonta bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta go clár chéime atá lán-creidiúnaithe ar leibhéal iarchéime agus fochéime araon.

Táthar ag súil le tairiscintí cúrsaí an DAI, a bheidh dírithe ar mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta araon an bhliain seo chugainn.

Agus comhghairdeas a dhéanamh le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus daa international maidir leis an tionscnamh dúirt an tAire go bhfuil

I ról tábhachtach ag eitlíocht i ngeilleagar na hÉireann agus tá áthas orm a fheiceáil go bhfuil Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag obair le chéile chun feabhas a chur ar an earnáil sa bhaile agus thar lear araon. Is sampla iontach é an DAI maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh tionscal Éireannach comhpháirtíocht a dhéanamh le hinstitiúidí trí leibhéal chun clár oideachais a sheachadadh atá oiriúnach do riachtanais na bhfostóirí agus na mac léinn araon, agus ag an am céanna feabhas a chur ar na hionchais dár bhforbairt eacnamaíoch sa todhchaí."

Fógraíodh Coimisinéir Bhaile Átha Cliath le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta

I mí Mheán Fómhair, fógraíodh síor-fhiontraí, Niamh Bushnell, mar an chéad Choimisinéir de Bhaile Átha Cliath le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta Agus ag tarraingt óna taithí fairsing in earnáil an ghnólachta nuathionscanta, comhbhunaigh sí Pan Research, i mBaile Átha Cliath i 1996 agus ceapadh í le déanaí mar Fiontraí Cónaithe ag Talent Tech Labs i Manhattan, tá an fhreagracht straitéiseach ag Niamh chun Baile Átha Cliath a dhéanamh an áit is fearr san Eoraip chun gnó nuálach agus teicniúil a thosú agus a neartú.

Tá maoiniú curtha ar fáil go príobháideach don phost nua seo tríd an Acadamh Ryan d'Fhiontraíthe (Ryan Academy for Entrepreneurs) d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Oibreoidh an Coimisinéir i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, Fiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla chun an tairbhe is mó a bhaint as acmhainneacht an éiceachórais ghnó atá ann cheana i mBaile Átha Cliath, a thacaíonn cheana féin le raon leathan de ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus teicniúla agus a ghníomhaíonn mar cheanncheathrú do go leor cuideachtaí teicniúla domhanda. Mar phríomhfhreagracht sa phost beidh uirthi aitheantas idirnáisiúnta a thabhairt do Bhaile Átha Cliath mar mhol nuálach ina bhféadfaidh le cuideachtaí tosú, méadú níos sciobtha, agus poist inbhuanaithe fadtéarmacha a chruthú agus luach breise a thabhairt don gheilleagar.

Lá Infheisteora UStart

Reáchtáil UStart, clár luathaithe de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a Lá Infheisteora tionscnaimh i mí Dheireadh Fómhair.

Chuir seacht gcuideachta mhic léinn nuabhunaithe clár de 16 seachtain i gcrích le linn an tsamhraidh ag Campas Nuálaíochta d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

ag díriú ar a gcuid pleannanna gnó agus gnólachtaí inmharthana, inbhuanaithe a dhéanamh dá gcuid smaointe fiontraíochta le cabhair ó mheantóirí a bhfuil taithí acu agus ó shaineolaithe gnó. Ag an Lá Infheisteora, cuireann na foirne de ghnólachtaí nuathionscanta a gcuid gnó i láthair d'infheisteoirí, d'aingil ghnó agus do chaipitlithe fiontar.

Is iad seo a leanas na seacht gcuideachta nuathionscanta:

Soláthraíonn Agile Payments seirbhís idirbhirt gan airgead tirim chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora agus córas cúlchóirithe a chur ar fáil gan srianta.

Cuireann Cent for Change bealach nua chun airgead a thabhairt do charthanachtaí ar fáil don chustaiméir baincéireachta ar líne. Cuireann an tseirbhís modh simplí ar fáil chun a cent atá sa bhreis acu ina n-iarbhéid cuntais a thabhairt dá charthanacht a roghnaíonn siad féin.

Edu App – aip shoghluaiste lena n-eagraítear saolta laethúla de mhic léinn ollscoile trí príomhfhaisnéis a sholáthar ar nós clár ama agus féilire acadúil. Leis an aip ligtear d'úsáideoirí rochtain dhíreach a bheith acu ar a bhfaisnéis chlár ama ó fhreastalaithe ollscoile lena bhfaisnéis aitheantais logála isteach.

Le headSTARTS tugtar cumhacht agus cumas do dhaoine faoi mhíchumas intleachta trí na hEalaíona. Tá sé mar aidhm aige pobal a chruthú a bheidh comhbhách, tuisceanach agus cruthaitheach, agus a chuireann meabhairshláinte dhearfach chun cinn.

Notehome – ardán íocaíochta agus cumarsáide soghluaiste agus ar líne do bhunscoileanna agus do thuismitheoirí.

Optistride – Is gléas é an Foot Reviver a ligeann don úsáideoir cleachtaí fisiteiripe forordaithe a dhéanamh, lena neartófar an chos agus lena laghdófar pian sa chos. Leis seo, cinntítear neartú na coise agus na matán in íochtar na coise ar bhealach níos éifeachtaí ná na cleachtaí fisiteiripe forordaithe reatha.

Tá sé mar aidhm ag Man Package an fear is fearr a dhéanamh astu féin. Is seirbhís ar líne é Man Package a insíonn d'fhir cad é an rud 'is fearr', ó stocaí go rásúir, ó thodóga go fuisce.

Bhuaigh trí cinn de na cuideachtaí mic léinn – Agile Payments, Cent for Change and Notehome – áiteanna sa ghradam mór le rá, Intel Technology To Market Accelerator@UC Berkeley agus bhí headSTARTS ceann den dá fhiontar sóisialta d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a dhéanfaidh ionadaíocht d'Éirinn ag an mbabhta ceannais d'Enactus i Meicsiceo i mbliana.

Rannpháirtíocht Dhomhanda



An tUachtarán Michael Crow, Arizona State University leis an Ollamh Brian MacCraith

Scoil idirnáisiúnta de Dhiagnóisic Bhithleighis

I mí Eanáir, chuaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i bpáirt le Arizona State University (ASU) chun Scoil idirnáisiúnta de Dhiagnóisic Bhithleighis nua a bhunú, lena gcuirfear ar fáil an chéad chlár céime dá leithéid, M.Sc. Idirnáisiúnta i nDiagnóisic Bhithleighis. Leis an gclár seo, bunófar diagnóisic mar dhisciplín neamhspleách dílis ó cheart.

Aithnítear go forleathan go bhfuil diagnóisic bunúsach do nuálaíocht chúram sláinte. Ar fud an domhain, fostaítear níos mó ná 3.5 milliún duine sa tionscal diagnóisice. Sa lá atá inniu ann, tá diagnóisic i gceist i níos mó ná 60 faoin gcéad de chinnteoireacht chliniciúil agus tá siad fíor-thábhachtach do leigheas féinoiriúnaithe - an próiseas de dhrugaí a dhíriú orthu siúd a bheidh is éifeachtaí.

Beidh curaclam roinnte ag an M.Sc. Idirnáisiúnta i nDiagnóisic Bhithleighis agus cuirfidh an dá ollscoil cúrsaí ar fáil. Táthar ag súil go dtarraingeofar an clár acadúil mic léinn ó mheascán de chéimithe úra agus uathu siúd atá ag obair sa tionscal agus ar mian leo tuilleadh a chur lena slí bheatha. Tá sé beartaithe go mbeidh 100 mac léinn rollaithe gach bliain laistigh den chéad cúig bliana.

Cuireann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh Chathaoirleach nua na hIndia um Chaidreamh Cultúrtha



I mí Feabhra, chuir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh Chathaoirleach Chomhairle na hIndia um Chaidreamh Cultúrtha, an tOllamh Priyankar Upadhyaya, fear léinn idirnáisiúnta ceannródaíoch i réimse na Síochána agus na Tuisceana Idirchultúrtha agus sealbhóir den Chathaoirleach UNESCO ag an Ollscoil Banaras Hindu san India.

Nuair a bhí an tOllamh Upadhyaya in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, d'oibrigh sé leis an lucht acadúla d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar raon de thionscnaimh chultúrtha agus acadúla a bhaineann leis an India, lena n-áirítear an tSraith Léachta Poiblí d'Fhoras na hÉireann agus an India.

Tionchar a Imirt



Tírdhreach Oideachais na hÉireann á Bhunathrú ag Institiúid nua d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

I mí Mheithimh, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, cáipéis lenar leagadh amach an fhís agus an struchtúr d'Institiúid Oideachais nua ceannródaíoch d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chuirfear feabhas ar chaighdeán an oideachais do gach leanbh in Éirinn. Cruthófar an Institiúid Oideachais d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trí chumaíocht de Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Coláiste Oideachais Mater Dei agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann. Beidh an Institiúid atá beartaithe mar an tairseach chriticiúil is mó de shaineolas oideachais ar oileán na hÉireann, lena soláthraítear oideachas múinteoireachta bunaidh agus forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí agus d'oidoirí ó luath-óige tríd an bhunscoil, an mheánscoil go dtí an tríú agus an cheathrú leibhéal.

Don chéad uair riamh in Éirinn, cruthóidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath spás lena n-éascaítear do thraidisiúin Chríostaí dhifriúla a mhúineadh agus a fhoghlaim in éineacht a gcéile. Ar aon dul le héiteas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar ollscoil tuata, neamh-shainchreidmheach le tiomantas láidir d'iolrachas, cuirfidh an Institiúid Oideachais nua áit de chóimheas do

mhúnlú de mhúinteoirí le haghaidh scoileanna sainchreidmheacha (traidisiúin Chaitliceacha Rómhánacha, Eaglais na hÉireann/Críostaí Leasaithe) neamh-shainchreidmheacha agus il-shainchreidmheacha.

Ag labhairt ag seoladh na tuarascála, Fís Nua don Oideachas do na Leanaí go léir in Éirinn (A New Vision of Education for all the Children of Ireland), dúirt an tAire Quinn gur mian leis na hinstiúidí a mholadh as "ceannasaíocht a thaispeáint agus an institiúid Oideachais suaitheanta seo á chruthú." Dúirt sé go raibh sé "sásta an tiomantas don éagsúlacht idirchreidmheach a fheiceáil, agus na traidisiúin Chaitliceacha Rómhánacha, Eaglais na hÉireann, neamh-shainchreidmheacha agus il-shainchreidmheacha go léir taobh le taobh agus ag obair le chéile; is siombail iontach é d'Éirinn atá nua-aimseartha agus aibí.

Beidh an Institiúid an cúigiú dhámh d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Déanfar taighde ceannródaíche i réimsí tosaíochta ar nós oideachas na hEolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM), oideachas riachtanais speisialta agus ionchuimsitheach, litearthacht agus uimhearthacht, oideachas ealaíne, breisoideachas, measúnacht, foghlaim dhigiteach chomh maith le hoideachas bunaithe ar luachanna agus éitic.

Dúirt an Dochtúir Martin McAleese, Seansailéir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go bhfuil "Tábhacht shuntasach ollmhór ag baint leis d'oileán na hÉireann. Tá éagsúlacht institiúidithe anseo chomh maith le meas do na creidimh go léir agus do chreideamh ar bith, cuimsithe in Institiúid Oideachais a bheidh tionchar bunathraithe aici ar thodhchaí na leanaí go léir in Éirinn."

Chuir an tArdeaspag Diarmuid Martin agus an tArdeaspag Michael Jackson fáilte roimh an fhorbairt nua le chéile. "Is fíis iontach í d'oideachas leanaí in Éirinn le haghaidh na mblianta atá amach romhainn.

Cuirfidh an Institiúid deiseanna iomadúla ar fáil do rannpháirtíocht chomhoibríoch maidir le múnú mhúinteoirí na todhchaí.

Tarlóidh sí seo i dtimpeallacht agus suíomh atá iolrach agus measúil den fhiontar acadúil ina iomlán. Déanann sé onóir freisin don rannpháirtíocht teagaisc in oideachas a thagann ó thuiscint dá traidisiún féin laistigh den Chríostaíocht, chomh maith le tuiscint de thraidisiún an chreidimh atá ag daoine eile nach bhfuil mar i gcéanna linn. Táimid sásta go gcuirfidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte mór roimh na traidisiúin seo atá ionann agus atá in oidhreacht ár n-institiúidí.

Seoladh den Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach



L to R: Lord David Puttnam, Mr Ruairi Quinn TD, Prof Brian MacCraith

Le linn mí na Samhna sheol an tAire Oideachais agus Scileanna Ruairi Quinn TD, an Institiúid Náisiúnta um Foghlaim Dhigiteach (NIDL) ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Beidh an t-ionad sármhaitheas nua seo ina cheannródaí d'fhorbairtí ollmhóra san foghlaim ar líne, sa chianfhoghlaim agus san foghlaim chumaisc, ag baint an leas is mó as raon iomlán de theicneolaíochtaí digiteacha chun an taithí fhoghlama is fearr a thabhairt do mhic léinn, cibé a bhfuil siad ar an gcampas nó nach bhfuil. Ba é an Tiarna David Puttnam an t-aoichainteoir ag an seoladh, agus fógraíodh chomh maith an ceapadh den Ollamh Mark Brown mar Stiúrthóir an NIDL agus mar an chéad Chathaoirleach ar Foghlaim Dhigiteach.

Aithnítear ar fud an domhain an tOllamh Brown mar cheannródaí i réimse na Foghlama Digití. Tagann sé go hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ón National Centre for Teaching & Learning ag Massey University, an Nua-Shéalainn.

Seolann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Branda Oideachais nua Ar Líne

I mí Lúnasa, sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath branda foghlama solúbtha nua ar líne, DCU Connected. Leis an mbranda uileghabhálach, cuimseofar sraith de chlár chéime ar líne a bheidh ag dul i méid do mhic léinn fochéime agus iarchéime araon, chomh maith le roghanna de chúrsaí gearra solúbtha agus tionscnaimh thrasnáisiúnta ollmhóra i go leor tíortha ina bhfuil comhpháirtíochtaí straitéiseacha déanta ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cheana féin.

Ag labhairt ag an seoladh, dúirt an tOllamh Brian MacCraith gur tiomantas poiblí é DCU Connected de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun glacadh leis na teicneolaíochtaí digiteacha is fearr chun feabhas a chur ar an taithí fhoghlama de mhic léinn, go náisiúnta agus ar fud an domhain araon. "Cibé a bhfuil cónaí ort i Sligeach, Seville nó Shanghai, le DCU Connected, cuirtear rochtain ar fáil d'oideachas ar líne den scoth, le saineolas idirnáisiúnta agus cúrsaí a bhfuil baint áitiúil leo, a ceapadh chun freastal ar do riachtanais."

Deá-Scéala ann d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa Rangú Idirnáisiúnta



Chuir an tUachtarán fáilte roimh an nuacht d'fheidhmiúchán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le linn na bliana sa dhá rangú idirnáisiúnta mór le rá: QS World Top 50 under 50 agus an Times Higher Education 100 under 50 Don tríú bhliain i ndiaidh a chéile, bhí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar an liosta den QS World Top 50 Under 50, lena dtaispeántar an chéad ghlúin eile d'ollscoileanna ar thús cadhnaíochta, a bunaíodh tar éis 1964. Déantar na hollscoileanna a mheasúnú maidir lena sármhaitheas taighde, infhostaitheacht na gcéimithe agus le rannpháirtíocht idirnáisiúnta.

Agus ag labhairt faoin rangú, dúirt an tOllamh MacCraith gur "aitheantas domhanda é seo d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar ollscoil nuálach, óg atá ag réiteach an bhealaigh d'oideachas den scoth a sheachadadh dá mic léinn agus atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh taighde de, agus tá tionchar sochaíoch, fíor aige." Cruthaíodh an QS Top 50 Under 50 chun aird a dhíriú ar éachtaí na hinstiúidí níos óige a fhéadtar a bheith faoi mhíbhuntáiste sa ghnáthrangú, nuair a bhíonn siad in iomaíochas le hollscoileanna atá i bhfad níos sine. Leis an gclú seanbhunaithe a bhíonn ag ollscoileanna, atá ann leis na céadta bliain, cabhraíonn sé leo a bheith i réim ar Rangú Ollscoileanna Domhanda QS agus ar rangú eile dá leithéid.

D'éirigh go hiontach le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sna Times Higher Top 100 de na hollscoileanna óga ar fud an domhain (níos óige ná 50 bhliain d'aois), atá mar aidhm aige aird a thabhairt ar shraith nua d'ollscoileanna ardfheidhmíochta, ar éirigh leo dul isteach sa scothaicme domhanda thar deich, fiche nó tríocha bliain in ionad na céadta bliain agus a bhfuil an acmhainneacht acu a bheith na lárionaid chumhachta acadúla domhanda. Tháinig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa 92 áit ar an tábla sraithe agus tá sí mar chuid de ghrúpa mór le rá, ina bhfuil líon, atá ag dul i méid, d'ollscoileanna Áiseacha a fhaigheann maoiniú ollmhór.

Sa 100 Under 50, úsáidtear liosta uilechuimsitheach de 13 táscaire feidhmiúcháin oibiachtúil (teagasc, taighde, aistriú faisnéise agus dearcadh idirnáisiúnta srl.) lena gcuirtear taca faoi Rangú na hOllscoileanna Domhanda atá mór le rá, ach úsáidtear modheolaíocht athchalabraithe chun íomhá níos fearr a fháil de thréithe na n-ollscoileanna óga. Ag labhairt faoin Rangú, thug an tUachtarán faoi aird go raibh an rath an-suntasach ar fad toisc an timpeallacht eacnamaíoch dheacair atá faoi láthair in Éirinn agus na dúshlán atá os comhair an ardoideachais dá bharr.

Schrodinger's Cat á shoiléiriú



Le linn mhí na Samhna, chuir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh an Ollamh, Serge Haroche, buaiteoir Dhuais Nobel na Fisice, 2012. Sheachaid an tOllamh Haroche an Léacht Magnet Nobel Laureate d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, lena gcuirtear léargas uathúil ar fáil ar an domhan ait d'Fhisic Chandamach, agus an chaoi a bhféadfaidh a feidhm bunathrú a dhéanamh ar an saol atá ar eolas againn, anois agus sa todhchaí.

An Chéad Ócáid TEDx d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



D'óstáil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chéad ócáid TEDx, maidir leis an téama de Shaolta & Sochaí á mBunathrú. I spiorad TEDx de smaointe ar fiú a scaipeadh, rinne ár bhfoireann láidir de chainteoirí, bhí gach ceann ina alumnus d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, cur i láthair san Helix a bhí plódaithe ar maidin Dé Sathairn i mí na Samhna.

Ba iad seo a leanas ár gcainteoirí tionscnaimh TEDxDCU:

- Richard Curran, iriseoir & tráchtair airgeadais
- Breandán de Gallaí, fisiceoir & damhsóir Gaelach proifisiúnta
- David Dowling, imdhíoneolaí & Comhalta Taighde um Péidiatrac de Harvard Medical School
- Joe Hogan, fiontraí teicneolaíochta & bunaitheoir de Openet
- Liavan Mallin, síor-fhiontraí
- Rachel Moran, marthanóir striapachais, scríbhneoir, blagálaí & gníomhaí
- Emer Patten, léiritheoir scannáin ceoil & comh-úinéir de Splinter Films
- Jonathan Turner, saineolaí infheistíochta & iar-fhiontraí

Seoladh d'Ionad Frithbhulaíochta Náisiúnta ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Sheol an Tánaiste, Eamon Gilmore TD, agus an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, an tIonad Frithbhulaíochta Náisiúnta ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí an Bhealtaine. San Ionad, cuirtear leis an gcumas a bhí ann cheana san Ionad Acmhainne agus Taighde um Fhrithbhulaíochta, a bunaíodh i 1996. San ionad nua seo, déantar taighde ar bhulaíocht sa scoil agus san ionad oibre, tugtar tacaíocht agus acmhainní dóibh siúd a oibríonn agus a bhfuil ina gcónaí le híospartaigh bhulaíochta, agus glactar páirt i raon tionscnamh agus tionscadal taighde, a cheapadh chun tréith na bulaíochta sa tsochaí atá i mbun athrú an t-am ar fad a léiriú, le béim ar chibearbhulaíocht, bulaíocht san ionad oibre agus luathfhágáil scoile.

I dtaighde a rinne Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, léirítear go raibh 14% de mhic léinn ina n-íospartaigh de chibearbhulaíocht, agus deir tuairim is 8% de dhaoine fásta Éireannacha gur íospartaigh de bhulaíocht iad san ionad oibre.

Agus ag labhairt leis an lucht freastail, dúirt an Tánaiste "nach bhfuil athrú tagtha ar bhulaíocht, ach tá athrú tagtha ar na modhanna agus na huirlisí de bhulaíocht. Cé go bhfuil buntáistí ollmhóra ag baint leis an teicneolaíocht, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aici. Le fóin chliste agus iPadanna, féadfaimid a bheith i gcumarsáid sheasmhach, ar líne in aon áit. Ach ligeann siad do bhulaíocht tarlú am ar bith, áit ar bith. Ós rud é go bhféadfadh iarmhairtí uafásacha tarlú, ní féidir linn a bheith réchúiseach faoin mbulaíocht." D'fhógair an tAire Quinn maoiniú nuathionscanta de €50 000 chun cabhrú leis an Ionad, "Tá rannpháirtíocht shuntasach déanta ag an Ionad Frithbhulaíochta Náisiúnta do Phlean Gníomhaíochta um Bulaíocht de chuid an Roinn Oideachais. Mar sin, táimid thar a bheith eolach faoin tiomantas agus leas san ábhar seo, agus maidir le páirt a ghlacadh sa bheartas náisiúnta. Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leis an Ionad, de réir mar a leanann sé lena taighde frithbhulaíochta, lena chabhair agus tacaíocht d'íospartaigh na bulaíochta, agus lena chuid oibre le scoileanna chun timpeallachtaí scoile sábháilte a chruthú.

In 2013, aistríodh an tIonad Frithbhulaíochta Náisiúnta ó Choláiste na Tríonóide go dtí Scoil an Léinn Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tá sé anois faoi stiúir an Dochtúir James O'Higgins Norman.

Seoladh Uirlisí Léarscáilithe agus Logainmneacha Gaeilge Feabhsaithe

Sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath bunachar sonraí feabhsaithe de logainmneacha Gaeilge agus seirbhís léarscáilithe Gaeilge nua i mí an Mheithimh. Cuimsítear roinnt feabhsúchán ollmhór sa leagan nua de Bhunachar Sonraí Logainmneacha na hÉireann, lena gcuirtear feabhas ar an suíomh gréasáin poiblí logainm.ie. Ag labhairt ag an seoladh, dúirt an Dochtúir Ciarán Mac Murchaidh, Ceannasaí Fiontar, gur "Chuir dul chun cinn sa teicneolaíocht le blianta beaga anuas, feabhas ar rochtain phoiblí ar chineálacha éagsúla faisnéise. I dtír ina labhraítear dhá theanga, tá sé tábhachtach go ndéantar gach iarracht d'fhonn a chinntiú go bhfuil an méid agus is féidir d'fhaisnéis ar fáil i nGaeilge, agus i mBéarla chomh maith. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach, ní amháin do mhic léinn agus do mhúinteoirí, ach do dhaoine ar fud an domhain a bhfuil suim acu eolas a fháil amach faoina n-oidhreacht Éireannach."

Síníonn Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an Chairt Campus Engage

Bhí an tOllamh Brian MacCraith i measc 20 Uachtarán d'institiúidí Ard-Oideachais na hÉireann, a shínigh an Chairt Campus Engage maidir le Rannpháirtíocht Pobail agus Shibhialta de

10 bpoinnte, ag ócáid stairiúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mbliana. Sa Chairt, thug na huachtaráin a dtiomantas don ról agus do na freagrachtaí atá ag a n-institiúidí maidir le rannpháirtíocht phobail agus shibhialta. Leis an seoladh den Chairt um Rannpháirtíocht Pobail agus Shibhialta, cuirtear leis na gníomhartha ceannródaithe a rinne tíortha eile, lena n-áirítear an Astráil, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe, a shínigh comhaontaithe náisiúnta ar nós na Cairte, d'fhonn tacaíocht a thabhairt don ról agus do na freagrachtaí atá ag institiúidí ard-oideachais maidir le rannpháirtíocht phobail agus shibhialta agus d'fhonn iad a neartú. Is é Campus Engage a d'fhorbair an Chairt, tionscnamh náisiúnta, arna maoiniú ag an Udarás um Ard-Oideachas, a bhunú chun teagasc, foghlaim agus gníomhaíochtaí eile i réimse rannpháirtíochta sibhialta agus pobail a chur chun cinn.

Téann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le hInstitiúid Chúram Maolaitheach Uile-Éireann

Mar chuid de shíneadh suntasach den Institiúid Chúram Maolaitheach Uile-Éireann de chuid Ospíse (AIIHPC), ba í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cheann de na 5 comhpháirtí nua a chuaigh leis an AIIHPC, tá 17 eagraíocht mar bhall di anois. I ndiaidh an tsínte seo, tá na hollscoileanna go léir agus na soláthraithe ospíse ollmhóra ar oileán na hÉireann páirt den AIIHPC. I measc na gcomhpháirtithe nua, tá Ospidéal Ollscoile agus Ospís Marymount, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus Coláiste Ollscoile Corcaigh. Bunaíodh AIIHPC i mí Dheireadh Fómhair 2010 agus is é a cuspóir ná feabhas a chur ar bheartas agus ar chleachtas, ar oideachas agus ar thaighde a bhaineann le hospís agus le cúram maolaitheach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Tá an Institiúid tiomanta go háirithe do rannpháirtíocht na n-úsáideoirí, na gcúramóirí agus na bpobal.

Fiontar agus Oideachas Fiontraíochta

Le linn 6 bliana anuas, tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag obair le 7 n-institiúid ardoideachais Éireannacha eile mar chuid de chuibhreannas ACE (Accelerating Campus Entrepreneurship) arna maoiniú ag an Udarás um Ard-Oideachas, d'fhonn fiontar agus oideachas fiontraíochta a thabhairt isteach i gcúrsaí neamh-ghnó. An Dochtúir Emer Ní Bhrádaigh de Fiontar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Peter Tiernan, Scoil an Léinn Oideachais. D'éirigh le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an chéad mhodúl iarchéime creidiúnaithe in Éirinn a sheachadadh maidir le hoideachas fiontraíochta don earnáil ardoideachais in Éirinn. Bhain 20 acadóir agus neamh-acadóir d'institiúidí ardoideachais, arna ainmniú ag Uachtarán a (h)institiúid, an modúl um fhiontraíocht oideora amach, modúl den leibhéal 9-10 ECTS arna creidiúnú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Buaicphointí Spóirt



Athnuann Banc na hÉireann a Chomhpháirtíocht Acadaimh Spóirt

I mí na Feabhra, chuir Banc na hÉireann fad lena chomhpháirtíocht le hAcadamh Spóirt Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar feadh trí bliana eile. Faoi gcomhpháirtíocht seo, tugann Banc na hÉireann tacaíocht don fhorbairt níos leithne de lúthchleasaithe, trí mheantóireacht, taithí oibre agus intéirneachtaí. Tá gaol láidir ag Banc na hÉireann le hAcadamh Spóirt Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ó 2008 ar aghaidh.

Bronnann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath creidiúnú ar chóitseálaithe CLG

Bhrón an tAcadamh CLG d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath teastais ar shaorálaithe CLG áitiúla agus ar imreoirí idirchontae a chríochnaigh an cúrsa cóitseála CLG leibhéal a haon. D'fhoillíodh tiomantas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le rannpháirtíocht agus for-rochtain a thaispeáint, is cuid de chomhthionscnamh uathúil é an cúrsa, tá an comhthionscnamh faoi stiúir Acadamh CLG d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus i gcomhoibriú le Bord CLG Chontae Bhaile Átha Cliath agus is é an chéad chúrsa dá leithéid arna dhéanamh ar leibhéal Ollscoile. I measc iad siúd a ghlac páirt sa chúrsa, bhí Jason Sherlock, Ross Munnely, Paul Griffin, Paul Casey agus Declan Lally. Sna príomh-mhodúil a rinneadh le linn an chúrsa, áiríodh Oilteacht Theicniúil, Gaisce Teaiciciúil, Imirt Fhoirne, Corpacmhainn Fhisiceach, Béim agus Cumarsáid Shíceolaíoch.

Tá an dámhachtain an dara ghrád i mbealach cóitseála an CLG. Is é Coaching Ireland a bhronn na gradaim i ndiaidh cúrsa de sé sheachtain. Bhí páirt ag roinnt cóitseálaithe mór le rá sa teagasc, lena n-áirítear an t-iarbhainisteoir Laoise Sean Dempsey agus Oifigeach Forbartha Cluichí Bhaile Átha Cliath Ger O'Connor.

Bronnann Acadamh CLG Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath scoláireachtaí Spóirt

Bhrón Acadamh CLG Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Scoláireachtaí Spóirt Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar 40 mac léinn a thaispeáin tiomantas d'fhoirne CLG Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Áirítear sa scoláireacht cóiríocht champais fhóirdheonaithe, meantóireacht lúthchleasaí, cainteanna oideachais ardfheidhmíochta, bainistíocht de ghortuithe spóirt, comhairle um chothú spóirt, oiliúint láidreachta agus cleachtaidh agus rochtain ar ghiomnáisiam ardfheidhmíochta na hOllscoile.

Labhair Stiúrthóir d'Acadamh CLG Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Michael Kennedy, maidir leis an leas a bhaineann leis na scoláireachtaí do na mic léinn ar leibhéal spóirt agus ar leibhéal acadúil araon, dúirt sé "Is í an fhís atá againn go n-éascófar forbairt leanúnach de na himreoirí seo leis an gclár scoláireachta, agus go ligfear dóibh na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir lena spórt agus léinn roghnaithe araon.

Is príomhchuid de straitéis Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é an clár scoláireachta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun bealach a chur ar fáil do mhic léinn ionas go bhféadaidís a n-acmhainneacht is fearr ina spórt a bhaint amach." Cuireann Acadamh CLG Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath deis ar fáil d'imreoirí óga tréitheacha chun cur lena gcuid scileanna spóirt agus cáilíocht thríú leibhéal á baint amach ag an am céanna, ionas go mbeidh slí bheatha inbhuanaithe agus fadtéarmach acu. Tagann imreoirí scothaicme CLG de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath as 25 contae in Éirinn agus tá go leor Sár-imreoir na Bliana ina measc.

Corn Cuimhneacháin Darren Sutherland



I mí an Mhárta, réachtáladh an Corn Cuimhneacháin Darren Sutherland, comórtas dornálaíochta idir-ollscoile arna heagrú ag Dornálaíocht Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus arna hurrú ag Banc na hÉireann, bhí sé i gcuimhneachán an bhuaiteora Boinn Cré-Umha i nDornálaíocht Oilimpeacha a bhí ina chéimí Eolaíochta Spóirt d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith.

Buann Mac Léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Bonn Cré-Umha i gCraobhchomórtais Dornálaíochta na hEorpa



Bhuaigh Clare Grace bonn cré-umha d'Éirinn i gCraobhchomórtais Dornálaíochta na hEorpa i mBúcairist. Ba í Grace an dara bhean Éireannach riamh, i ndiaidh Katie Taylor, a bhain bonn dornálaíochta sinsearaí amach ag craobhchomórtais Eorpacha. Tá Grace ina mhac léinn d'Eolaíocht Spóirt agus Sláinte i Scoil na Sláinte agus na Feidhmíochta Daonna de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Forbhreathnú Ar An Ollscoil

Forbairtí Campais

Bronnadh an Brat Campais Ghlais ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



Bhronn An Taisce an Brat Campais Ghlais ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, mar chuid dá scéim dhámhachtainí agus clár oideachais chomhshaoil idirnáisiúnta, agus dá bharr ba í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an tríú champas ollscoile in Éirinn a fuair an gradam idirnáisiúnta mór le rá seo. D'fhone an brat seo a bhaint amach, bhí ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a sprioc a choimeád maidir le laghdú de 3% in aghaidh na bliana a chur ar ídiú fuinnimh bliantúil; feabhas a chur ar a ráta foriomlán athchúrsála agus cosc dramhaíola; feabhas agus cosaint shuntasach a thabhairt don bhitheagsúlacht ar champas trí Ghairdín Phobail Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus feachtas rannpháirtíochta fadtéarmach ar fud an champais maidir le hinbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm.

Bunaíodh an Coiste Glas d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, d'fhone an clár de seacht gcéim a chur i bhfeidhm, bhí baill ón Ollscoil ar fad ar an gCoiste, lena n-áirítear ó oifigí na nEastát, ó na dámha go léir agus bhí líon mór mic léinn air chomh maith. Mhol An Taisce an Ollscoil as céim uathúil a thógáil maidir leis an bPost de Bhainisteoir Inbhuanaitheachta a chruthú chun tionscnaimh ar fud an champais a chomhordú.

Sa bhliain 2012, bhunaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an Tionscnamh Sustainability@DCU chun tuiscint inbhuanaitheachta a chothú, lena dtaispeántar an riachtanas de chothromaíocht a dhéanamh idir fachtóirí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta i ngníomhaíochtaí an champais chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú do chách. Ba é an cuspóir ná éiteas d'fhorbairt inbhuanaithe a fhorbairt, a thaispeáint agus a dhaingniú trí thionscadail tras-champais, lena n-áirítear ar na príomhgníomhaíochtaí de Theagasc agus Foghlaim, Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht, chomh maith leo seo a thaispeáint i bhfeidhmiú agus i mbainistíocht an Champais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Gradam Áiseanna d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Bhí an-áthas ar Oifig na nEastát d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Gradam Áiseanna a fháil as obair forbartha a rinneadh le déanaí ar an gCampas Nuálaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bronnadh an gradam 'Éacht Bainistíochta Áiseanna' as an Tionchar agus Athchóiriú d'fhoirgnimh ar an láithreán. Tá an campas nuálaíochta suite ar láithreán de 9.5 acra, idir Ascaill Uí Ghríofa agus Sean-Bhóthar Fhionnghlaise, agus bhí an Institiúid Taighde is Caighdeán Tionscail ar an láithreán roimhe sin. Níos déanaí bhí Fiontraíocht Éireann ar an láithreán, agus aistríodh é go hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath in 2013, nuair a ndearnadh an Campas Nuálaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath as. I measc na bpleananna don champas, tá athchóiriú de thuairim is 100,000 troigh chearnach de spás oifige, thar roinnt foirgneamh. Leis an ngradam seo, aithnítear an nádúr deas agus cuí den obair atá déanta go dtí seo.

Ag an searmanas céanna, bronnadh comh-ghradam ar oifig na nEastát, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Lynch International and Camfil, as a gcuid úsáide nuálach de scagairí aeir atá tíosach ar fhuinneamh ar phríomhchampas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireadh isteach na scagairí, a bhuaigh an gradam, an bhliain seo caite agus tá siad éifeachtach i laghdú na húsáide fuinnimh sna móitair fhean go léir ar áiteanna éagsúla ar fud an champais.

Osclaíonn brainse de Bhanc na hÉireann in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Le linn mí na Nollag, d'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna Ruairi Quinn TD, brainse nua coincheapa de Bhanc na hÉireann ar an gcampas. Tá dearadh aghaidh oscailte ag an mbrainse nua agus tá ball digiteach ann le cúig chríos, lena ligtear do chustaiméirí idirghníomhaíocht a dhéanamh le raon iomlán na seirbhísí de Bhanc na hÉireann.



Rialachas agus Ceannaireacht

Baill an Údaráis Rialaithe Deireadh Fómhair 2013 - Meán Fómhair 2014

An Dochtúir Martin McAleese	Seansailéir	
An tOllamh Brian MacCraith	Príomh-Oifigeach	
An Comhairleoir Ciaran Byrne	Ainmní an Údaráis Áitiúil	cruinniú deireanach 12/6/14
An tUasal Aaron Clogher	Aontas na Mac Léinn	cruinniú deireanach 12/06/14
An tUasal Shirley Coyle	Foireann Acadúil Eile	cruinniú deireanach 13/12/13
An tUasal Mairead Dunne	Ainmní an Aire	
An tUasal Dermot Egan	Suim Ealaíonta, Chultúrtha	
An tUasal Sean Farren	Ainmní an Aire	
An tOllamh Eithne Guilfoyle	Oifigeach Sinsearach	
An tUasal Gary Joyce	Ainmní an Aire	
An tOllamh Daire Keogh	Comhaontú Nascachta le Coláiste Phádraig	
An Dochtúir Ciaran MacMurchaidh	Comhaontú Nascachta le Coláiste Phádraig	cruinniú deireanach 17/10/13
An tUasal Orlaith McBride	Suim Ealaíonta, Chultúrtha	
An Dochtúir Patrick Mc Devitt	Comhaontú Nascachta le Coláiste na Naomh Uile	
An Dochtúir Andrew McGrady	Comhaontú Nascachta le hInstitiúid Oideachais Mater Dei	
An tUasal Pádraig McKeon	Ainmní Iontaobhas Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha	
An tUasal Phylomena McMorrow	Foireann Neamh-Acadúil	
An tUasal Caroline Mc Mullan	Foireann Acadúil Eile	
An tUasal Regina Moran	Fostóirí, Ceardchumainn	
An tOllamh Gary Murphy	Ollaimh/Ollaimh Chomhlachaithe	
An Dochtúir Noel Murphy	Foireann Acadúil Eile	
An tUasal Ciaran O'Connor	Aontas na Mac Léinn	cruinniú deireanach 12/06/14
An Dochtúir Declan Raftery	Oifigeach Sinsearach	
An tOllamh Fiona Regan	Ollaimh/Ollaimh Chomhlachaithe	
An tUasal Paul Smith	Foireann Neamh-Acadúil	
An tUasal Margaret Sweeney	Fostóirí, Ceardchumainn	
An tUasal Kenneth Browne	Aontas na Mac Léinn	an chéad chruinniú 18/9/14
An tUasal Eve Kerton	Aontas na Mac Léinn	an chéad chruinniú 18/9/14
An tUasal Tom McCarthy	Fostóirí, Ceardchumainn	an chéad chruinniú 13/12/2013
An tUasal Owen Keegan	Fostóirí, Ceardchumann	an chéad chruinniú 18/9/14
An tUasal Terence O'Rourke	Fostóirí, Ceardchumainn	an chéad chruinniú 13/12/2013
An tUasal James Corcoran	Ionadaí Alumni	
An tUasal Paul Hyland	Aontas na Mac Léinn - Coláiste Phádraig	cruinniú deireanach 12/06/2014
An tUasal Marian Burns	Oifigeach Sinsearach	
An tUasal Ciaran McGivern	Oifigeach Sinsearach	
An tUasal Jim Dowling	Oifigeach Sinsearach	

Tinreamh de Chruinnithe an Údaráis Rialaithe Deireadh Fómhair 2013 – Meán Fómhair 2014

An Dochtúir Martin McAleese	6/6
An tOllamh Brian MacCraith	6/6
An Comhairleoir Ciaran Byrne	2/5
An tUasal Aaron Clogher	5/5
An tUasal Shirley Coyle	1/6
An tUasal Mairead Dunne	2/6
An tUasal Dermot Egan	3/6
An tUasal Sean Farren	6/6
An tOllamh Eithne Guilfoyle	5/6
An tUasal Gary Joyce	2/2
An tOllamh Daire Keogh	5/6
An Dochtúir Ciaran MacMurchaidh	1/1
An tUasal Orlaith McBride	1/6
An Dochtúir Patrick Mc Devitt	2/6
An Dochtúir Andrew McGrady	5/6
An tUasal Padraig McKeon	3/6
An tUasal Phylomena McMorrow	6/6
An tUasal Caroline Mc Mullan	4/6
An tUasal Regina Moran	2/6
An tOllamh Gary Murphy	6/6
An Dochtúir Noel Murphy	6/6
An tUasal Ciaran O'Connor	5/5
An Dochtúir Declan Raftery	6/6
An tOllamh Fiona Regan	4/6
An tUasal Paul Smith	5/6
An tUasal Margaret Sweeney	6/6
An tUasal Kenneth Browne	1/1
An tUasal Eve Kerton	1/1
An tUasal Tom McCarthy	5/5
An tUasal Owen Keegan	1/1
An tUasal Terence O'Rourke	5/5
An tUasal James Corcoran	4/6
An tUasal Paul Hyland	3/5

Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	2014	2013
	Euro	Euro
	'000	'000
IONCAM		
Deontais Stáit	24,467	25,729
Táillí Mac Léinn	59,461	57,878
Ioncam Eile	6,985	6,803
	<u>90,913</u>	<u>90,410</u>
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	33,347	18,453
Institiúid Oideachais Mater Dei	2,651	2,846
Deontais agus Tionscadail Taighde	46,059	42,833
	<u>82,057</u>	<u>64,132</u>
Ioncam Iomlán	<u>172,970</u>	<u>154,542</u>
CAITEACHAS		
Dámha agus Rannóga Acadúla	53,032	53,358
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile	5,686	5,748
Áitreabh	7,456	7,908
Méid a Leithdháileadh chun Críche Caipitil	2,702	1,865
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	9,734	10,381
Caiteachas Oideachais Ginearálta	621	771
Seirbhísí do Mhic Léinn	5,383	5,169
Caiteachas Ilghnéitheach	6,297	5,207
	<u>90,911</u>	<u>90,407</u>
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	33,347	18,453
Institiúid Oideachais Mater Dei	2,651	2,846
Deontais agus Tionscadail Taighde	46,059	42,833
	<u>82,057</u>	<u>64,132</u>
Caiteachas Iomlán	<u>172,968</u>	<u>154,539</u>
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh na gCúlchistí Caipitil agus Deontais agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	2	3
Dímhéas de Shócmhainní Seasta	(19,668)	(8,351)
Gluaiseacht sa Chúlchiste Ginearálta	<u>19,668</u>	<u>8,351</u>
Barrachas don bhliain	<u>2</u>	<u>3</u>

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	2014 Euro '000	2013 Euro '000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	<u>258,642</u>	<u>249,587</u>
INFHEISTÍOCHTAÍ	<u>1</u>	<u>23,524</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	13,255	22,928
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	42,429	30,609
Stoic	<u>142</u>	<u>166</u>
	<u>55,826</u>	<u>53,703</u>
Lúide: DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe	93,379	91,211
Rótharraingt Bhainc	<u>712</u>	<u>-</u>
	<u>94,091</u>	<u>91,211</u>
GLAN-DLITEANAIS REATHA	<u>(38,265)</u>	<u>(37,508)</u>
DLITEANAIS FADTÉARMACHA		
Creidiúnaithe atá dlite i ndiaidh bliana amháin	432	688
	<u>219,946</u>	<u>234,915</u>
IONADAITHE AG:		
Cúlchiste Ginearálta	219,608	209,288
Cúlchiste Srianata	-	25,291
Cúlchiste Ioncaim	<u>338</u>	<u>336</u>
	<u>219,946</u>	<u>234,915</u>

Líon na Mac Léinn in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Mic Léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath de réir Cáilíochta

	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Iomlán
Fochéimí	7648	228	7876
Iarchéimí múinte	838	958	1796
Iarchéimí Taighde	507	185	692
Cuairteoirí Neamhdhámhachtana	351	297	748
Iomlán	9344	1668	11112
Malairt	262		262

*Mic léinn cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Márta, 2009. Ní háirítear ar na figiúirí mic léinn Cianoideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá tuairisc faoi leith déanta ar ioncam mhic léinn mhalairte isteach.

Mic Léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath de réir Dáimhe

	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Iomlán
Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	2388	618	3006
DCUBS/HSS	228		228
Innealtóireacht & Ríomhaireacht	1581	126	1707
Na Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta	2331	346	2680
Eolaíocht & Sláinte	3036	323	3568
Cuairteoirí Neamhdhámhachtana + Riarachán	42	43	85
Iomlán	9606	1456	11274

*Mic léinn cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Márta, 2009. Ní háirítear ar na figiúirí mic léinn Cianoideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ná Mic Léinn Mhalairte cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Mic Léinn Cianoideachais (Oscail)

	Líon
Iarchéimithe	961
Fochéimithe	136
Iomlán	1097

*Mic léinn d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá cláraithe le Cláir Chianoideachais (Oscail) an 1 Márta, 2014.

Mic Léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath de réir inscne

	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Oscail	Iomlán
Fireannaigh	3746	48	436	4230
Baineannaigh	3868	80	389	4337
Iomlán	7632	1976	952	8567

*Mic léinn cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Márta, 2014. Ní háirítear ar na figiúirí Mic Léinn Mhalairte cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Mic Léinn Idirnáisiúnta

	Líon	%
Líon Iomlán na Mac Léinn Idirnáisiúnta*	1,685	17.5

*Sainmhínítear na mic léinn idirnáisiúnta mar mhic léinn fochéime agus iarchéime nó mar mhic léinn ar na Cláir de Staidéar Thar Lear nach Éireannach iad. Is iad an náisiúntacht a úsáidtear ná an náisiúntacht atá in úsáid ag an Udarás um Ard-Oideachas agus ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, agus de bharr sin, meastar gurb Éireannach iad na mic léinn ó Thuaisceart Éireann agus ní mic léinn idirnáisiúnta. Gan mic léinn mhalairte isteach san áireamh. Comhréir na mac léinn bunaithe ar na mic léinn go léir d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (gan mic léinn Oscail ná mic léinn Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann san áireamh).

Sracfhéachaint

Mí Dheireadh Fómhair

- Reáchtáladh Taispeántas bliantúil na Saorálaithe - ghlac os cionn 65 eagraíocht saorálaithe.
- Bronnadh an Duais Basil Chubb ar an Dochtúir Walt Kilroy ó Scoil an Dlí agus Rialtais, don PhD is fearr in eolaíocht pholaitiúil ag ollscoil Éireannach.
- Seoladh an Ionaid do Ghnó Teaghlaigh
- Bronntar an Gradam Hamilton ó Acadamh Ríoga na hÉireann ar Aaron Kenny BSc sa Mhatamaitic Achtúireach.
- Reáchtáladh Lá Infheisteora tionscnaimh UStart
- Tá an Rialtas agus tionscal le €19.8 milliún a infheistiú i dtaighde inneachair chliste CNG.
- Tugtar onóir d'idirghabhálaithe Thuaisceart Éireann i searmanas bronnata onórach speisialta.

Mí na Samhna

- Tugann an tOllamh, Serge Haroche, buaiteoir Dhuais Nobel na Fisice, 2012 an léacht Magnet Nobel Laureate d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Seoladh den Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach
- D'óstáil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chéad ócáid TEDx, maidir leis an téama de Saolta & Sochaí á mBunathrú.
- D'fhógair Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Oilimpicí Speisialta Éireann sonraí maidir leis an tionscadal taighde uathúil uile-Éireann ar shláinte agus folláine na ndaoine faoi mhíchumas intleachta. Tá SOPHIE urraithe ag an Iris O'Brien Foundation.



An Dochtúir Mary Rose Sweeney, an tOllamh Brian MacCraith in éineacht le lúthchleasí ó na Cluichí Oilimpeacha Speisialta agus POF, Oilimpicí Speisialta Éireann ag seoladh SOPHIE.

- Seoladh de Chompháirtíocht 3U MSc i Lóistíocht Dhaonnúil agus Bainistíocht Éigeandála.
- Bronnadh Dochtúireachtaí Oinigh ar laochra spóirt Sean Kelly, Brian O'Driscoll and Katie Taylor (in absentia) agus ar an Dochtúir Tony Scott chomh maith, comhbhunaitheoir de Thaispeántas BT den Eolaí Óg agus Teicneolaíocht (BT Young Scientist and Technology Exhibition).
- Sheol Evanna Lynch, réalta Harry Potter, díolaim de scríbhinní ó mhic léinn in Ionad na nÓg Tréitheach, Éireann (CTYI), dar dteideal 'Words to Tie to Bricks'.

Mí na Nollag

- Seoladh den Ionad nua INSIGHT de chuid an SFI
- Reáchtáladh Cumann Léiriú Meán a Craoladh bliantúil de 24 Uair ar theilifís Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun cuidiú leis an bhFondúireacht Make-A-Wish Éireann.
- Thug Ambasadóir na hIndia ar Éirinn, HE Smt. Radhika Lol Lokesh a céad chuairt ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



Ó Chlé go Deas: D Pandya, Stiúrthóir, Ireland India Institute, HE Smt. Radhika Lol Lokesh, An tOllamh Brian MacCraith, An Dochtúir J Doyle

- Ceiliúrann an tUachtarán Michael D Higgins an foilseachán 'The Irish Presidency: Power, Ceremony and Politics', arna eagrú ag an Ollamh John Coakley, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus an Dochtúir Kevin Rafter, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, le rannchuidiú ón Ollamh Robert Elgie, ón Ollamh Gary Murphy agus an Dochtúir Eoin O'Malley, ag ócáid speisialta in Áras an Uachtaráin.

Mí Eanáir

- Scoil idirnáisiúnta de Dhiagnóisic Bhithleigheis arna bunú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ASU
- Bronntar dhá ghradam ar Chóiríocht Champais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Ór agus Uachtar) ag an searmanas gradaim bliantúil d'Institiúidí Seirbhíse Cóiríochta na hÉireann.
- Seoladh den tionscadal taighde um néaltrú, Elevator, de €2.7m
- Tionscadal monatóireachta uisce de €1 milliún de chuid an NCSR
- Sa tábla sraithe domhanda is déanaí maidir le 'campais ghlasa', téann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath suas 34 áit go dtí an 46ú háit i Rangú Ollscoileanna Domhanda um Universitas Indonesia Greenmetric.
- Rath d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa rangú domhanda QS 'Top 50 Under 50'

Mí Feabhra

- Scoil na hEolaíochtaí Fisiceacha ina óstach ar Léacht Tyndall Institiúid na Fisice in Éirinn
- Seoladh tionscadal néaltraithe, maoinithe ag an AE, Access to Timely Formal Care, Actifcare, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Cuireann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh Chathaoirleach nua na hIndia um Chaidreamh Cultúrtha, an tOllamh Priyankar Upadhyaya.

Mí an Mhárta

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina óstach ar an 20ú Bhabhta Ceannais Oilimpiaid Ríomhchláraithe na hÉireann. Tá an comórtas ríomhchláraithe do dhaltai meánleibhéil urraithe ag Scoil na Ríomhaireachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag Fidelity Investments.
- Reáchtáladh an tSeirbhís Cuimhneacháin Bhliantúil agus Searmanas Scoláireachta Cuimhneacháin, i gcuimhne na mic léinn, céimithe agus cairde d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá imithe.
- Gradam deartha d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag an 32ú Gradam Chumann Coincréite na hÉireann. Bhuaigh litreoireacht DCU, atá os comhair an Helix, an duais sa Chatagóir Eiliminteach, lenar aithníodh tionscadail níos lú ina n-úsáidtear coincreít. Bhí an tionscadal a bhuaigh an duais mar thoradh ar an gcomhoibriú idir Hanley Pepper Consulting Engineers, Zap Architecture, Collins Maher Martin Architects, an Grúpa McKeon agus Techrete.



- Fógraíodh buaiteoirí Ghradaim an Uachtaráin do Thaighde 2014

Mí Aibreáin

- Rath d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa Times Higher Education 'Top 100 Under 50'
- Fógraíodh Scoláireachtaí McAleese
- Téann Scoil na Cumarsáide le John agus Sally McKenna, chun sraith de threoir chliste a chur le chéile maidir le taithe óstáin agus béile in Éirinn, faoin gComhpháirtíocht Faisnéise d'Fhiontraíocht Éireann.
- Fógraíodh Gradaim an Uachtaráin don Teagasc agus don Fhoghlaim
- Fógraíodh Gradaim Thráchtálaithe Invent
- Téann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht leis an Institiúid Chúram Maolaitheach Uile-Éireann de chuid Ospíse.

Mí na Bealtaine

- Glactar an tOllamh Richard O'Kennedy agus an tOllamh Dermot Diamond isteach in Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Seoladh Ionad Frithbhulaíochta
- Fógraíodh Gradaim an Uachtaráin don Rannpháirtíocht
- Reáchtáladh an 6ú ócáid bhliantúil den Bhalla Alumni
- Bhuaigh mic léinn ilmheán an comórtas bliantúil DARE2BDRINKAWARE.ie
- Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Eitic Tubaiste
- Leis an gclár Investigator de chuid an SFI tugadh maoiniú don Ollamh Greg Hughes, Scoil na nEolaíochtaí Fisiceacha, an tOllamh Martin Clynes, NICB, an Dochtúir Niall Barron, NICB agus don Dochtúir Andreas Heise, Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha.

Mí an Mheithimh

- Fógraíodh Gradaim an Uachtaráin don Nuálaíocht
- Comhtheastas Céime san Eitic (Cúram Sláinte) ina raibh páirt ag an gColáiste Oideachais Mater Dei, Institiúid na hEitice, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Bronntar Scoláireachtaí Spóirt den Acadamh CLG Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Bhuann an Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an Gradam ó Thionscal Eitlíochta na hÉireann.

Mí Iúil

- Fógraíodh Comhpháirtíocht Straitéiseach idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Uladh
- Ceapadh an tOllamh Ronan Powell ón Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar Mheitheal Ard-Oideachais chun scrúdú a dhéanamh ar an mbeartas maoinithe ardoideachais don todhchaí.

Mí Lúnasa

- Baineann an chéad bheirt mhac léinn d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath céim amach sa BSc i mBainistíocht Eitlíochta (le Staidéir Phíolóta) mar dhaltaí píolóta in Jerez, an Spáinn.
- Bhí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i bpáirtíocht le PCH ina n-óstach ar an chéad "Hardware Hackathon Weekend". Tharla an ócáid uathúil ar feadh dhá lá i gCampas Nuálaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus cruinníodh le chéile déantóirí agus daoine a bhfuil go leor spéise acu i gcrua-earraí Internet of Things chun gléasanna nasctha a cheapadh agus a fhréamhshamhaltú.
- Seoladh de DCU Connected.

Mí Mheán Fómhair

- Tá Bully4U agus an tIonad Frithbhulaíochta ina n-óstach ar an chéad chomhdháil riamh in Éirinn maidir le cibearbhulaíocht 'Cibearbhulaíocht á Tuiscint agus á Bainistiú.'
- Seoladh d'Institiúid Eitlíochta Bhaile Átha Cliath
- Bronnann an Taisce Brat Glas ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath de réir Cáilíochta.



www.dcu.ie